

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 136



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Imleabhar 66

24 Bealtaine 2023

Clár

### II Gníomhartha neamhreachtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/997 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/17 lena mbunaítear liosta modhnuithe nach n-éilíonn measúnú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/998 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 4
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/999 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 11
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1000 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 16
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1001 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 23
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1002 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 28

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil i dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1003 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 35
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1004 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 42
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1005 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 49

## CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2023/1006 ón gComhairle an 25 Aibreán 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stóicólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na tograí chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú ..... 55
- ★ Cinneadh (AE) 2023/1007 ón gComhairle an 25 Aibreán 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 16<sup>ú</sup> cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt i ndáil le leasuithe áirithe ar Airteagail den Choinbhinsiún sin agus ar na hlarscríbhinní a ghabhann leis ..... 57
- ★ Cinneadh (AE) 2023/1008 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Eacuadór le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Phoblacht Eacuadór atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac ..... 59
- ★ Cinneadh (AE) 2023/1009 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht le Stát Ilnáisiúnach na Bolaive le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stát Ilnáisiúnach na Bolaive maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Bolaive atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac ..... 61
- ★ Cinneadh (AE) 2023/1010 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena n-údaráítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Brasaíle atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac ..... 63
- ★ Cinneadh (AE) 2023/1011 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht le Stáit Aontaithe Mheicsiceo le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Mheicsiceo atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac ..... 65

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Cinneadh (AE) 2023/1012 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Pheiriú le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Phoblacht Pheiriú atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac ..... 67
- ★ Cinneadh (AE) 2023/1013 ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le maolú ar Chinneadh 2013/471/AE maidir le liúntais laethúla a dheonú do chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus maidir le haisíoc speansas taistil chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus a gcomhaltaí malartacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2021/1072 ..... 69
- ★ Cinneadh (AE) 2023/1014 ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 lena gceaptar comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún ..... 72
- ★ Cinneadh (CBES) 2023/1015 ón gComhairle an 23 Bealtaine 2023 lena ndearbhaítear rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2315 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach ..... 73
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1016 ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh 2002/994/CE maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le táirgí de bhunadh ainmhíoch a allmhairítear ón tSín <sup>(1)</sup> ..... 75
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1017 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar *Staphylococcus aureus* frithsheasmhach in aghaidh meiticilline (MRSA) i muca lena ramhrú (*tugadh fógra faoi leis an doiciméad X*) <sup>(1)</sup> ..... 78

#### MOLTAÍ

- ★ Moladh (AE) 2023/1018 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2023 maidir le píoráideacht ar líne a chomhrac i dtaobh imeachtaí spóirt agus imeachtaí beo eile ..... 83

#### GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ Cinneadh Uimh. 4/2023 ón gCoiste Trádála an 26 Aibreán 2023 maidir lena Rialacha Nós Imeachta [2023/1019] ..... 95

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.



## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/997 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/17 lena mbunaítear liosta modhnuithe nach n-éilíonn measúnú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 60(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/17 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> leagtar amach liosta modhnuithe nach n-éilíonn measúnú.
- (2) Mhol an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach ('an Ghníomhaireacht') agus an Grúpa Comhordaithe maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta don Choimisiún, an 20 Nollaig 2022, pointí B.12 agus B.24 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/17 a leasú chun forbairtí nua a léiriú. Fuair an Ghníomhaireacht agus an Grúpa Comhordaithe maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta araon iarrataí ar aicmiú i leith trí athruithe ar théarmaí údaraithe margaíochta ar athruithe iad nach bhfuil liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/17 agus nár tháinig chun cinn roimhe sin mar mhodhnuithe nach n-éilíonn measúnú. Baineann na hathruithe sin le trealamh táirgeachta nó le próisis a bhaineann le trealamh táirgeachta, agus le hathruithe i ndáil leis an monaróir atá freagrach as scaoileadh baisceanna.
- (3) Chuir an Coimisiún san áireamh an chomhairle ón nGníomhaireacht agus ón nGrúpa Comhordaithe maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta, na critéir a liostaítear in Airteagal 60(2) de Rialachán (AE) 2019/6, chomh maith le gach coinníoll is gá agus na ceanglais doiciméadachta is déanaí chun a áirithiú nach baol don tsláinte phoiblí, do shláinte ainmhithe ná do shláinte an chomhshaoil iad na modhnuithe nach gá measúnú a dhéanamh orthu.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/17 a leasú dá réir chun na cineálacha nua modhnuithe sin a áireamh ar modhnuithe iad nach bhfuil liostaithe faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Táirgí Íocshláinte Tréidliachta,

<sup>(1)</sup> IO L 4, 7.1.2019, lch. 43.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/17 ón gCoimisiún an 8 Eanáir 2021 lena mbunaítear liosta modhnuithe nach n-éilíonn measúnú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 7, 11.1.2021, lch. 22).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/17 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/17, leasaítear pointe B mar a leanas:

(1) i bpointe 12, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'h)	— ar threalamh táirgeachta (nuair a thuairiscítear sa sainchomhad é) lena n-áirítear próisis a bhaineann leis an trealamh	Ní bheidh aon athrú ná modhnú ar an bpróiseas táirgthe ná ar cháilíocht an táirge mar thoradh ar an athrú.	Leasú ar chuid/chodanna ábhartha an tsainchomhaid.'
-----	---	--	---

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 24:

'24	Monaróir a ionadú nó a thabhairt isteach atá freagrach as:	Beidh an monaróir nó an láthair iontráilte cheana féin i gcórais TF an Aontais lena ndéantar sonraí eagraíochtúla a stóráil agus a sholáthar.  Údarófar an láthair go hiomchuí agus déanfar iniúchadh sásúil uirthi.	Leasú ar chuid/chodanna ábhartha an tsainchomhaid lena n-áirítear faisnéis athbhreithnithe faoin táirge, de réir mar is iomchuí.  Dearbhú duine cáilithe (QP).'
a)	— scaoileadh baisceanna lena n-áirítear rialú baisceanna nó tástáil ar tháirge chríochnaithe steiriúil nó neamh-steiriúil	Ní bheidh an t-athrú infheidhme maidir le táirge íocshláinte bitheolaíoch ná táirge íocshláinte imdhíoneolaíoch.  Beidh an t-aistriú modha ón seanláthair go dtí an láthair nua tugtha i gcrích go rathúil.	
b)	— scaoileadh baisceanna nach n-áirítear rialú baisceanna nó tástáil ar tháirge chríochnaithe steiriúil nó neamh-steiriúil leis	Beidh láthair amháin rialaithe/tástála baisceanna ar a laghad fós laistigh de LEE nó i dtír ina bhfuil ann do chomhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le dea-chleachtas monaraíochta, ar comhaontú é a bhfuil raon feidhme iomchuí aige, idir an tír lena mbaineann agus an Aontas, ar láthair í ar féidir tástáil táirge a dhéanamh inti chun scaoileadh baisceanna a dhéanamh laistigh de LEE.	

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/998 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 23 Bealtaine 2023**

**lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áiríodh tagairt d'fhormheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 mar shubstaint gníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Lúnasa 2024.
- (4) An 30 Aibreán 2016 cuireadh iarratas faoi bhráid na Danmhairge, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na hÍsiltíre, an Ballstát is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chomh maith leis sin, chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás'). Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt miocroorgánach a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26). Cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún in ionad an Rialacháin sin ach, mar sin féin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.



- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 20 Meitheamh 2019. Ina dhréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan, molann an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 a athnuachan.
- (7) Chuir an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan in iúl don iarratasóir agus do na Ballstáit chun barúlacha a fháil uathu, sheol sé comhairliúchán poiblí agus chuir sé na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal freisin.
- (8) An 27 Meán Fómhair 2021 chuir an tÚdarás an chonclúid uaidh <sup>(6)</sup> in iúl don Choimisiún, conclúid ina dtugtar le fios gur féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 14 Deireadh Fómhair 2022 agus an 25 Eanáir 2023, faoi seach.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir leis an gconclúid ón Údarás agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, a bharúlacha maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, barúlacha a scrúdaíodh go cúramach agus a cuireadh san áireamh.
- (11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351, suíodh go gcomhlíontar na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 a athnuachan.
- (13) Is gá, áfach, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe de bhun Airteagal 14(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is iomchuí, go háirithe, mar chur chuige réamhchúraim ar mhaithe le cosaint chothaithí tomhaltóirí go n-áireofar íostréimhse ama idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 go bhfuil na leibhéil iarmhar faoi bhun  $10^5$  CFU/g tráth na buainte.
- (14) Ina theannta sin, chun an mhúinín a mhéadú sa chonclúid nach ndéanann *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 difear do shláinte an duine, ba cheart don iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun  $10^5$  CFU/g.
- (15) Ina theannta sin, is iomchuí a cheangal ar na Ballstáit, agus measúnú á dhéanamh acu ar iarratais ar údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351, aird ar leith a thabhairt ar chosaint oibreoirí agus oibrithe.
- (16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

<sup>(6)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA], DOI: <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6879>. Le fáil ar líne: [www.efsa.europa.eu](http://www.efsa.europa.eu).

- (17) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup> cuireadh síneadh le tréimhse formheasa *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351 go dtí an 15 Lúnasa 2024 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.
- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan**

Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* ABTS-351, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Aizawai* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Israeliensis* (séiritiopa H-14) tréithchineál AM65-52, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Kurstaki* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineafoip, *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), ciopróidíní, déchlórpróp-P, feinpirocсамáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, píriméacarb, píridibein, píriméiteanail, riomsulfúrón, spíonasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, trichlóipir, tréineiceapac, trithiacanasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1).

## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> ABTS-351	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> ABTS-351, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibríthe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocroorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>;</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— fágfar íostréimhse ama 2 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> ABTS-351 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> ABTS-351 go bhfuil leibhéil na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte.</li> </ul>

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorpheasa	Forálacha sonracha
					<p>Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— sonraí maidir le barr ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. cabáiste agus trátaí) i ndáil leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> ABTS-351 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraítear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na miocrorgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhaireamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir. Déanfaidh an t-iarratasóir an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar faoin 13 Nollaig 2025.</li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 195;

(2) i gCuid B, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht (¹)	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorpheasa	Forálacha sonracha
'162	<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> ABTS-351	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na príonsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> ABTS-351, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocroorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 (²);</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— fágfar íostréimhse ama 2 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> ABTS-351 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> ABTS-351 go bhfuil leibhéil na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte mar a mholann an EFSA.</li> </ul>

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
						<p>Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Sonraí maidir le barr ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. cabáiste agus trátaí) i ndáil leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> ABTS-351 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraítear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na miocrorgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhaireamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir faoin 13 Nollaig 2025.’</li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/999 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 23 Bealtaine 2023**

**lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áiríodh tagairt d'fhormheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52 mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Lúnasa 2024.
- (4) An 27 Aibreán 2016 cuireadh iarratas faoi bhráid na Sualainne, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na Spáinne, an Ballstát is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52 a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chomh maith leis sin, chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás). Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.
- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údarás agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 27 Iúil 2018. Ina dhréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan molann an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52 a athnuachan.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 91/414/CEE an 8. Nollaig 2008 ón gComhairle chun roinnt microrgánach a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

- (7) Chuir an tÚdarás an dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan in iúl don iarratasóir agus do na Ballstáit chun barúlacha a fháil uathu, sheol sé comhairliúchán poiblí agus chuir sé na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal freisin.
- (8) An 12 Samhain 2020 chuir an tÚdarás an conclúid uaidh <sup>(6)</sup> in iúl don Choimisiún, conclúid ina dtugtar le fios gur féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52 na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Chuir an Coimisiún tuascáil athnuachana maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52 agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 19 Bealtaine 2021 agus an 25 Eanáir 2023, faoi seach.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir leis an gconclúid ón Údarás agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 <sup>(7)</sup>, a bharúlacha maidir leis an tuascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52 a athnuachan.
- (13) Is gá, áfach, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe de bhun Airteagal 14(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, i gcás iarratais ar údarú maidir le húsáidí le haghaidh barra inite. Is iomchuí ansin, go háirithe, mar chur chuige réamhchúraim ar mhaithe le cosaint chothaithe tomhaltóirí a cheangal ar na Ballstát agus measúnú á dhéanamh acu ar iarratais ar údaruithe le haghaidh táirgí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52 le haghaidh úsáidí i mbarr inite, go socrófar íostréimhse ama idir leathadh na dtáirgí cosanta plandaí sin agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr.
- (14) Ina theannta sin, is iomchuí a cheangal ar na Ballstáit, agus measúnú á dhéanamh acu ar iarratais ar údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52, aird ar leith a thabhairt ar chosaint oibreoirí agus oibrithe.
- (15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.
- (16) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup> cuireadh síneadh le tréimhse formheasa *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52 go dtí an 15 Lúnasa 2024 chun go bhféadfár an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.

<sup>(6)</sup> EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia). *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance B. thuringiensis subsp. israelensis strain AM65-52* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *B. thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2020, DOI: 10.2903/j.efsa.2020.6317.

<sup>(7)</sup> Cuireadh Rialachán (AE) 2020/1740 in ionad an Rialacháin sin ach, mar sin féin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Aizawai* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Israelensis* (séiritiopa H-14) tréithchineál AM65-52, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Kurstaki* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidíneafop, *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), ciopróidíní, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, píriméacarb, píridibein, píriméiteanail, riomsulfúrón, spíonasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, tríchlóipir, tríneisceapac, tríthiaconasól agus sioram ((IO L 91, 29.3.2023, lch. 1).



- (17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan**

Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormhéasa	Forálacha sonracha
<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>israelensis</i> tréithchineál AM65-52 Uimh. an Bhailiúcháin Saothrán ATCC 1276	Neamhbhainteach	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>israelensis</i> tréithchineál AM65-52, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocroorgánaigh iontu féin;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monar-aíochta chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear sa Doiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>;</li> <li>— cosaint pailneoirí fiáine agus orgánach uisceach (e.g. inveirteabraigh uisceacha ó thacsón <i>Diptera</i> go háirithe) i gcás úsáidí i bpáirceanna oscailte. Áireofar bearta sonracha maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.</li> </ul> <p>Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide, mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— treatamh cosanta pearsanta leordhóthanach le haghaidh oibreoirí a úsáideann táirgí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>israelensis</i> tréithchineál AM65-52;</li> <li>— I gcás údarú maidir le húsáidí ar bharr inite, fágfar íostréimhse ama 3 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>israelensis</i> AM65-52 agus buaint na mbarr inite a thomhláitear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>israelensis</i> AM65-52 go bhfuil leibhéil na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte.</li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún mar a leanas:

- (1) i gCuid A, scriostar iontráil 194 maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* tréithchineál AM65-52;  
 (2) i gCuid B, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fformheasa	Forálacha sonracha
'161	<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>israelensis</i> tréithchineál AM65-52 Uimh. an Bhailiúcháin Saothrán ATCC 1276	Neamhbhainteach	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>israelensis</i> tréithchineál AM65-52, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur iógróirí féideartha iad miocroorgánaigh iontu féin;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monar-aíochta chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear sa Doiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>.</li> <li>— cosaint pailneoirí fiáine agus orgánach uisceach (e.g. inveirteabraigh uisceacha ó thacsón <i>Diptera</i> go háirithe) i gcás úsáidí i bpáirceanna oscailte. Áireofar bearta sonracha maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.</li> </ul> <p>Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide, mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach le haghaidh oibreoirí a úsáideann táirgí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>israelensis</i> tréithchineál AM65-52;</li> <li>— I gcás údarú maidir le húsáidí ar bharrá inite, fágfar iostréimhse ama 3 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>israelensis</i> AM65-52 agus buaint na mbarr inite a thomhláitear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>israelensis</i> AM65-52 go bhfuil leibhéal na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte.'</li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1000 ÓN gCOIMISIÚN****an 23 Bealtaine 2023****lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áiríodh tagairt d'fhormheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Lúnasa 2024.
- (4) An 29 Aibreán 2016 cuireadh iarratas faoi bhráid na hSiltíre, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na Gearmáine, an Ballstáit is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chomh maith leis sin, chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás). Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.
- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údarás agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 31 Iúil 2018. Ina dhréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan molann an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 a athnuachan.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt microrgánach a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

- (7) Chuir an tÚdarás an dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan in iúl don iarratasóir agus do na Ballstáit chun barúlacha a fháil uathu, sheol sé comhairliúchán poiblí agus chuir sé na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal freisin.
- (8) An 30 Meán Fómhair 2020 chuir an tÚdarás an chonclúid uaidh <sup>(6)</sup> in iúl don Choimisiún, conclúid ina dtugtar le fios gur féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Chuir an Coimisiún tuascáil athnuachana maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 19 Bealtaine 2021 agus an 25 Eanáir 2023, faoi seach.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir leis an gconclúid ón Údarás agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 <sup>(7)</sup>, a bharúlacha maidir leis an tuascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 a athnuachan.
- (13) Is gá, áfach, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe de bhun Airteagal 14(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is iomchuí, go háirithe, mar chur chuige réamhchúraim ar mhaithe le cosaint chothaithí tomhaltóirí go n-áireofar íostréimhse ama idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 go bhfuil na leibhéil iarmhar faoi bhun  $10^5$  CFU/g tráth na buainte.
- (14) Ina theannta sin, chun an mhúinín a mhéadú sa chonclúid nach ndéanann *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 difear do shláinte an duine, ba cheart don iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun  $10^5$  CFU/g.
- (15) Ina theannta sin, is iomchuí a cheangal ar na Ballstáit, agus measúnú á dhéanamh acu ar iarratais ar údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91, aird ar leith a thabhairt ar chosaint oibreoirí agus oibrithe, agus ar chosaint pailneoirí fiáine.
- (16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

<sup>(6)</sup> EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia). *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance B. thuringiensis subsp. aizawai strain GC-91* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú Piaráí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *B. thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2020, DOI: 10.2903/j.efsa.2020.6293.

<sup>(7)</sup> Cuireadh Rialachán (AE) 2020/1740 in ionad an Rialacháin sin ach, mar sin féin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.

- (17) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup> cuireadh síneadh le tréimhse formheasa *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91 go dtí an 15 Lúnasa 2024 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.
- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

### Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan

Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál GC-91, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

#### Airteagal 2

### Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### Airteagal 3

### Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israeliensis* (séiritiopa H-14) tréithchineál AM65-52, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineafoip, *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), ciopróidíní, déchlórpróp-P, feinpirocсамáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, píriméacarb, píridibein, píriméiteanail, riomsulfúrón, spíonasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, trichlóipir, tréineicseapac, trithiaconasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1).

## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormhéasa	Forálacha sonracha
<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> GC-91	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> GC-91, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocroorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>;</li> <li>— cosaint pailneoirí fiáine (go háirithe larbhaí beach meala agus bumbóga). Áireofar bearta sonracha maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— fágfar íostréimhse ama 2 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> GC-91 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> GC-91 go bhfuil leibhéil na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte.</li> </ul>

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
					<p>Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— sonraí maidir le barr ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. torthaí póma, fionchaora agus trátaí) i ndáil leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> GC-91 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na miocrorgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhaireamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir. Déanfaidh an t-iarratasóir an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar faoin 13 Nollaig 2025</li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).



## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 193,

(2) i gCuid B, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
'160	<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> GC-91	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> GC-91, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur iógróirí féideartha iad miocroorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>;</li> <li>— cosaint pailneoirí fiáine (go háirithe larbhaí beach meala agus bumbóga). Áireofar bearta sonracha maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— fágfar íostréimhse ama 2 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> GC-91 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> GC-91 go bhfuil leibhéil na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte.</li> </ul>

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
						<p>Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— sonraí maidir le barr ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. torthaí póma, fíonchaora agus trátaí) i ndáil leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospéiceas <i>aizawai</i> GC-91 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na miocrorgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhaireamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir. Déanfaidh an t-iarratasóir an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar faoin 13 Nollaig 2025.'</li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1001 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 23 Bealtaine 2023**

**lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2007/6/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áiríodh *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup> leis an ainm *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) QST 713.
- (2) Maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Lúnasa 2024.
- (4) Cuireadh iarratas faoi bhráid na Gearmáine, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na Danmhairge, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713 a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chuir an t-iarratasóir isteach na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.
- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás) agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 4 Meitheamh 2018. Ina dhréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan, mhol an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí formheas *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713 a athnuachan.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2007/6/CE ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2007 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun meitrifeanón, *Bacillus subtilis*, spionasad agus tiaimeatocsam a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 43, 15.2.2007, lch. 13).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

- (7) Chuir an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan in iúl don iarratasóir agus do na Ballstáit eile chun barúlacha a fháil uathu i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, sheol sé comhairliúchán poiblí agus chuir sé na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal freisin.
- (8) An 16 Aibreán 2021, chuir an tÚdarás an chonclúid uaidh <sup>(6)</sup> in iúl don Choimisiún maidir le cé acu is féidir nó nach féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh an tsubstaint ghníomhach *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713 na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana agus dréacht-Rialachán maidir le *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713 faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 13 Deireadh Fómhair 2022 agus an 25 Eanáir 2023, faoi seach.
- (9) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir leis an gconclúid ón Údarás agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 <sup>(7)</sup>, a bharúlacha maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (10) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713, suíodh go gcomhlíontar na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (11) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713 a athnuachan.
- (12) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de, agus i bhfianaise an eolais eolaíoch reatha agus an eolais theicniúil reatha, is gá coinníollacha áirithe a chur le hathnuachan fhormheas na substainte gníomhaí sin. Go háirithe, measann an Coimisiún gur microrgánach é *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713 de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ar sainaithníodh ina leith gur phríomhréimse inní é a mhéid a bhaineann le beacha. Ar an gcúis sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha maolaithe riosca chun cosaint chúí do bheacha a áirithiú.
- (13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.
- (14) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup> cuireadh síneadh leis an tréimhse formheasa go dtí an 15 Lúnasa 2024 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Mar sin féin, ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag don dáta éaga sin lenar cuireadh síneadh, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo a luaithe agus is féidir.
- (15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(6)</sup> Peer review of the pesticide risk assessment of the active substance *Bacillus amyloliquefaciens* strain QST 713 (formerly *Bacillus subtilis* strain QST 713) [Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713 (ar a dtugtaí *Bacillus subtilis* tréithchineál QST 713 roimhe seo)]: <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6381>.

<sup>(7)</sup> Cuireadh Rialachán (AE) 2020/1740 in ionad an Rialacháin sin ach, mar sin féin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israeliensis* (séiritiopa H-14) tréithchineál AM65-52, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidíneafop, *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), ciopróidíní, déchlórpróp-P, feinpirocósamáit, foiseitíl, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, píriméacarb, píridibein, píriméiteanail, riomsulfúrón, spíonasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, trichlóipir, tríniceapac, trithiacanasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan**

Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál QST 713, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorpheasa	Forálacha sonracha
<i>Bacillus amyloliquefaciens</i> tréithchineál QST 713	n.b.	Is é cion ainmniúil <i>Bacillus amyloliquefaciens</i> tréithchineál QST 713 sa táirge agus san ullmhóid theicniúil: Íoschion: $1 \times 10^{12}$ CFU/kg Uaschion: $3 \times 10^{13}$ CFU/kg Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Nuair atá táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus amyloliquefaciens</i> tréithchineál QST 713 á n-údarú ag na Ballstáit lena leathadh mar sprae amuigh faoin aer, déanfaidh siad an méid seo a leanas chun cosaint orgánach nach spriocorgánaigh iad, lena n-áirítear beacha, a áirithiú:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— ní údaróidh siad leathadh a dhéanamh i bpáirceanna ar bharr atá faoi bhláth ná i bpáirceanna ina bhfuil fiailí atá faoi bhláth ach amháin lasmuigh den tréimhse laethúil ina mbíonn beacha ar thóir foráiste;</li> <li>— cuirfidh siad bearta maolaithe riosca chun feidhme arb é is aidhm dóibh síobadh an sprae chuig limistéir lasmuigh de na páirceanna a laghdú (e.g. féachaint an bhféadfaí criosanna maolánacha agus buinní laghdaithe síobtha a chur i bhfeidhm).</li> </ul> <p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le <i>Bacillus amyloliquefaciens</i> tréithchineál QST 713 agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi. Ina theannta sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú miocróbach a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>;</li> <li>— sonraíocht an ábhair theicniúil, mar a mhonaraítear é ar bhonn tráchtála, ar ábhar é a úsáidtear i dtáirgí cosanta plandaí;</li> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide.</li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 138 maidir le *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713.

(2) i gCuid B, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
'158	<i>Bacillus amyloliquefaciens</i> tréithchineál QST 713	n.b.	Is é cion ainmniúil <i>Bacillus amyloliquefaciens</i> tréithchineál QST 713 sa táirge agus san ullmhóid theicniúil: Íoschion: $1 \times 10^{12}$ CFU/kg Uaschion: $3 \times 10^{13}$ CFU/kg Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Nuair atá táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus amyloliquefaciens</i> tréithchineál QST 713 á n-údarú ag na Ballstáit lena leathadh mar sprae amuigh faoin aer, déanfaidh siad an méid seo a leanas chun cosaint orgánach nach spriocorgánaigh iad, lena n-áirítear beacha, a áirithiú:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— ní údaróidh siad leathadh a dhéanamh i bpáirceanna ar bharr atá faoi bhláth ná i bpáirceanna ina bhfuil fiailí atá faoi bhláth ach amháin lasmuigh den tréimhse laethúil ina mbíonn beacha ar thóir foráiste;</li> <li>— cuirfidh siad bearta maolaithe riosca chun feidhme arb é is aidhm dóibh síobadh an sprae chuig limistéir lasmuigh de na páirceanna a laghdú (e.g. féachaint an bhféadfaí criosanna maolánacha agus buinní laghdaithe síobtha a chur i bhfeidhm).</li> </ul> <p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le <i>Bacillus amyloliquefaciens</i> tréithchineál QST 713 agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.</p> <p>Ina theannta sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monar-aíochta, chun a áirithiú go na teorainneacha ar éilliú miocróbach a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>;</li> <li>— sonraíocht an ábhair theicniúil, mar a mhonaraítear é ar bhonn tráchtála, ar ábhar é a úsáidtear i dtáirgí cosanta plandaí;</li> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibríthe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide.<sup>2</sup></li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1002 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Bealtaine 2023

lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áiríodh tagairt d'fhormheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 mar shubstaint gníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, meastar na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Lúnasa 2024.
- (4) An 29 Aibreán 2016 cuireadh iarratas faoi bhráid na hSiltúire, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na Gearmáine, an Ballstát is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chomh maith leis sin, chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás). Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.
- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údarás agus an Choimisiúin í an 11 Deireadh Fómhair 2018. Ina dhréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan, molann an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí formheas *Bacillus amyloliquifaciens* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 a athnuachan.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt microrgánach a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).



- (7) Chuir an tÚdarás an dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan in iúl don iarratasóir agus do na mBallstát chun barúlacha a fháil uathu, sheol sé comhairliúchán poiblí agus chuir sé na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal.
- (8) An 30 Meán Fómhair 2020, chuir an tÚdarás an chonclúid uaidh <sup>(6)</sup> in iúl don Choimisiún, conclúid a thugann le fios gur féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Chuir an Coimisiún tuascáil athnuachana maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 19 Bealtaine 2021 agus an 25 Eanáir 2023, faoi seach.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir leis an gconclúid ón Údarás agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 <sup>(7)</sup>, a bharúlacha maidir leis an tuascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsbaint ghníomhach *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 a athnuachan.
- (13) Is gá, áfach, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe de bhun Airteagal 14(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is iomchuí, go háirithe, mar chur chuige réamhchúraim ar mhaithe le cosaint chothaithí tomhaltóirí go n-áireofar íostréimhse ama idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura dtaispeánann sonraí iarmhar leibhéil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 atá faoi bhun  $10^5$  CFU/g tráth na buainte.
- (14) Ina theannta sin, chun an mhúinín a mhéadú sa chonclúid nach ndéanann *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 difear do shláinte an duine, ba cheart don iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsbaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun  $10^5$  CFU/g.
- (15) Ina theannta sin, is iomchuí a cheangal ar na Ballstáit, agus measúnú á dhéanamh acu ar iarratais ar údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857, aird ar leith a thabhairt ar chosaint oibreoirí agus oibríthe, agus ar chosaint pailneoirí fiáine.
- (16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.

<sup>(6)</sup> EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia). *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance B. thuringiensis subsp. aizawai strain ABTS-1857* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca ar an tsbaint ghníomhach *B. thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020, DOI: 10.2903/j.efa.2020.6294.

<sup>(7)</sup> Cuireadh Rialachán (AE) 2020/1740 in ionad an Rialacháin sin ach, mar sin féin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas sbaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar sbaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar sbaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.

- (17) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup> cuireadh síneadh le tréimhse formheasa *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 go dtí an 15 Lúnasa 2024 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.
- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

### Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan

Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

#### Airteagal 2

### Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### Airteagal 3

### Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *aizawai* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israeliensis* (séiritiopa H-14) tréithchineál AM65-52, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineafoip, *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), ciopróidíní, déchlórpróp-P, feinpirocсамáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, píriméacarb, píridibein, píriméiteanail, riomsulfúrón, spionasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, trichlóipir, tréineiceapac, trithiaconasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1).

## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> tréithchineál ABTS-1857	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> tréithchineál ABTS-1857, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh. Sa mheasúnú foriomlán seo, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibríthe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocrorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóth-anach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú miocróbach a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>;</li> <li>— cosaint pailneoirí fiáine (go háirithe larbhaí beach meala agus bum-bóga). Áireofar bearta sonracha maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— fágfar íostréimhse ama 2 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> tréithchineál ABTS-1857 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> tréithchineál ABTS-1857 go bhfuil leibhéil na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte.</li> </ul>

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
					<p>Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— sonraí maidir le barr inite ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. piobair agus trátaí) i ndáil leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> tréithchineál ABTS-1857 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na microrgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhaireamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir. Déanfaidh an t-iarratasóir an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar faoin 13 Nollaig 2025.</li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

- (1) i gCuid A, scriostar iontráil 193,  
 (2) i gCuid B, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
'159	<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> tréithchineál ABTS-1857	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> tréithchineál ABTS-1857, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán seo, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocrorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teoraíneacha ar éilliú miocróbach a urramú dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>;</li> <li>— cosaint pailneoirí fiáine (go háirithe larbhaí beach meala agus bumbóga). Áireofar bearta sonracha maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.</li> </ul>

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
						<p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <p>— fágfar íostréimhse ama 2 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> tréithchineál ABTS-1857 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> tréithchineál ABTS-1857 go bhfuil leibhéil na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte.</p> <p>Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <p>— sonraí maidir le barr inite ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. piobair agus trátaí) maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>aizawai</i> tréithchineál ABTS-1857 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na miocrorgánach idir tsampláil agus an anailís ar chomhaireamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir. Déanfaidh an t-iarratasóir an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar faoin 13 Nollaig 2025.'</p>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1003 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 23 Bealtaine 2023**

**lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áiríodh tagairt d'fhormheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, meastar na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Lúnasa 2024.
- (4) An 28 Aibreán 2016 cuireadh iarratas faoi bhráid na Danmhairge, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na hÍsiltíre, an Ballstát is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chomh maith leis sin, chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás). Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt miocroorgánach a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26). Cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20) ón gCoimisiún in ionad an Rialacháin sin ach, mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.

- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan, i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus an Choimisiúin í an 28 Meitheamh 2019. Ina dhréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan, molann an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí formheas *Bacillus amyloliquefaciens* fospeiceas *kurstaki* EG2348 a athnuachan.
- (7) Chuir an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan in iúl don iarratasóir agus do na Ballstáit chun barúlacha a fháil uathu, sheol sé comhairliúchán poiblí agus chuir sé na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal freisin.
- (8) An 2 Márta 2021 chuir an tÚdarás an chonclúid uaidh <sup>(6)</sup> in iúl don Choimisiún, conclúid ina dtugtar le fios gur féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 5 Iúil 2021 agus an 25 Eanáir 2023, faoi seach.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir leis an gconclúid ón Údarás agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, a bharúlacha maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 a athnuachan.
- (13) Is gá, áfach, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe de bhun Airteagal 14(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is iomchuí, go háirithe, mar chur chuige réamhchúraim ar mhaithe le cosaint chothaithí tomhaltóirí go n-áireofar íostréimhse ama idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar leibhéil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 atá faoi bhun  $10^5$  CFU/g tráth na buainte.
- (14) Ina theannta sin, chun an mhuinín a mhéadú sa chonclúid nach ndéanann *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 difear do shláinte an duine, ba cheart don iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar maidir leis an laghdú ar dhúlús spóir inmharthana *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun  $10^5$  CFU/g.
- (15) Thairis sin, is iomchuí a cheangal ar na Ballstáit, agus measúnú á dhéanamh acu ar iarratais ar údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348, aird ar leith a thabhairt ar chosaint oibreoirí agus oibrithe.
- (16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

<sup>(6)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA] DOI: <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6495>. Le fáil ar líne: [www.efsa.europa.eu](http://www.efsa.europa.eu).



- (17) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup> cuireadh síneadh le tréimhse formheasa *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348 go dtí an 15 Lúnasa 2024 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.
- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan**

Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* EG2348, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Aizawai* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Israeliensis* (séiritiopa H-14) tréithchineál AM65-52, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Kurstaki* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineafoip, *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), ciopróidíníil, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, píriméacarb, píridibein, píriméiteanail, riomsulfúrón, spíonasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, trichlóipir, tréineiceapac, trithiacanasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1).

## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht ( <sup>1</sup> )	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorpheasa	Forálacha sonracha
<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> EG2348	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> EG2348, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocrorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú miocróbach a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 (<sup>2</sup>).</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— fágfar íostréimhse ama 2 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> EG2348 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> EG2348, go bhfuil na leibhéil sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte.</li> </ul> <p>Déanfaidh an t-iarraitasóir faisnéis bhreise a chur faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— sonraí maidir le barr inite ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. ar thorthaí póma agus glasraí a thugann torthaí den fhine lus na hoíche le linn na tréimhse torthúcháin) maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> EG2348 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear</li> </ul>

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
					sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na microrgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhaireamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir faoin 13 Nollaig 2025.

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 195,

(2) i gCuid B, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht (!)	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorpheasa	Forálacha sonracha
163	<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> EG2348	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> EG2348, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féid-eartha iad miocrorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchotha-bháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú miocróbach a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>.</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— fágfar íostréimhse ama 2 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> EG2348 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil go bhfuil leibhéil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> EG2348 faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte de réir mar a mholann EFSA.</li> </ul>

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
						<p>Déanfaidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise a chur faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údarás maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— sonraí maidir le barr inite ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. ar thorthaí póma agus glasraí a thugann torthaí den fhine lus na hoíche le linn na tréimhse torthúcháin) maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> EG2348 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na miocrorgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhairéamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomh-aontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir. faoin 13 Nollaig 2025.</li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le háitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).’

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1004 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 23 Bealtaine 2023**

**lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áiríodh tagairt d'fhormheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Lúnasa 2024.
- (4) An 30 Aibreán 2016 cuireadh iarratas faoi bhráid na Danmhairge, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na hÍsiltíre, an Ballstát is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chomh maith leis sin, chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás'). Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt miocorgánach a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26). Cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún in ionad an Rialacháin sin ach, mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.

- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 11 Eanáir 2019. Ina dhréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan, molann an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 a athnuachan.
- (7) Chuir an tÚdarás an dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan in iúl don iarratasóir agus do na Ballstáit chun barúlacha a fháil uathu, sheol sé comhairliúchán poiblí agus chuir sé na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal freisin.
- (8) An 16 Meán Fómhair 2020 chuir an tÚdarás an chonclúid uaidh <sup>(6)</sup> in iúl don Choimisiún, conclúid ina dtugtar le fios gur féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Chuir an Coimisiún tuascáil athnuachana maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 19 Bealtaine 2021 agus an 25 Eanáir 2023, faoi seach.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir leis an gconclúid ón Údarás agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, a bharúlacha maidir leis an tuascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, barúlacha a scrúdaíodh go cúramach agus a cuireadh san áireamh.
- (11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11, suíodh go gcomhlíontar na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 a athnuachan.
- (13) Is gá, áfach, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe de bhun Airteagal 14(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is iomchuí, go háirithe, mar chur chuige réamhchúraim ar mhaithe le cosaint chothaithí tomhaltóirí go n-áireofar íostréimhse ama idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar leibhéil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 atá faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte.
- (14) Ina theannta sin, chun an mhuinín a mhéadú sa chonclúid nach ndéanann *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 difear do shláinte an duine, ba cheart don iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g.
- (15) Thairis sin, is iomchuí a cheangal ar na Ballstáit, agus measúnú á dhéanamh acu ar iarratais ar údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11, aird ar leith a thabhairt ar chosaint oibreoirí agus oibrithe.
- (16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.
- (17) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup> cuireadh síneadh le tréimhse formheasa *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11 go dtí an 15 Lúnasa 2024 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.

<sup>(6)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA], DOI: 10.2903/j.efsa.2020.6261. Le fáil ar líne: [www.efsa.europa.eu](http://www.efsa.europa.eu).

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Aizawai* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Israeliensis* (séiritiopa H-14) tréithchineál AM65-52, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Kurstaki* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidíneafop, *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), ciopróidíní, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, píriméacarb, píridibein, píriméiteanail, riomsulfúrón, spíonasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, trichlóipir, tréineisceapac, trithiacnasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1).

- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan**

Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-11, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN



## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-11	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-11, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocrorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>.</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— fágfar íostréimhse ama 2 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-11 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-11 go bhfuil leibhéil na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte.</li> </ul>

					<p>Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— sonraí maidir le barr inite ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. ar thorthaí póma agus trátaí) maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-11 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na miocrorgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhaireamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir faoin 13 Nollaig 2025.</li> </ul>
--	--	--	--	--	--

(<sup>1</sup>) Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

(<sup>2</sup>) pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 195,

(2) i gCuid B, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

165	<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-11	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-11, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibríthe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad mioc-rorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 (*).</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— fágfar íostréimhse ama 2 lá idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-11 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-11 go bhfuil leibhéal na n-iarmhar sin faoi bhun <math>10^5</math> CFU/g tráth na buainte mar a mholann EFSA.</li> </ul>
-----	--	------	------------------------	-------------	-------------------	---

					<p>Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— sonraí maidir le barr inite ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. ar thorthaí póma agus trátaí) maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-11 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun <math>10^5</math> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na mioc-rorgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhair-eamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir faoin 13 Nollaig 2025.</li> </ul>
--	--	--	--	--	---

(\*) pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).'

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1005 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 23 Bealtaine 2023**

**lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áiríodh tagairt d'fhormheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Lúnasa 2024.
- (4) An 30 Aibreán 2016 cuireadh iarratas faoi bhráid na Danmhairge, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na hÍsiltíre, an Ballstát is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chomh maith leis sin, chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás). Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt miocorgánach a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26). Cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20) ón gCoimisiún in ionad an Rialacháin sin ach, mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.

- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údarás agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 2 Aibreán 2019. Ina dhréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan, molann an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 a athnuachan.
- (7) Chuir an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan in iúl don iarratasóir agus do na Ballstáit chun barúlacha a fháil uathu, sheol sé comhairliúchán poiblí agus chuir sé na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal freisin.
- (8) An 16 Meán Fómhair 2020 chuir an tÚdarás an chonclúid uaidh <sup>(6)</sup> in iúl don Choimisiún, conclúid ina dtugtar le fios gur féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 19 Bealtaine 2021 agus an 25 Eanáir 2023, faoi seach.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir leis an gconclúid ón Údarás agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, a bharúlacha maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, barúlacha a scrúdaíodh go cúramach agus a cuireadh san áireamh.
- (11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12, suíodh go gcomhlíontar na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 a athnuachan.
- (13) Is gá, áfach, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe de bhun Airteagal 14(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is iomchuí, go háirithe, mar chur chuige réamhchúraim ar mhaithe le cosaint chothaithe tomhaltóirí go n-áireofar íostréimhse ama idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar leibhéil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 atá faoi bhun  $10^5$  CFU/g tráth na buainte.
- (14) Ina theannta sin, chun an mhúinín a mhéadú sa chonclúid nach ndéanann *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 difear do shláinte an duine, ba cheart don iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun  $10^5$  CFU/g.
- (15) Thairis sin, is iomchuí a cheangal ar na Ballstáit, agus measúnú á dhéanamh acu ar iarratais ar údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12, aird ar leith a thabhairt ar chosaint oibreoirí agus oibríthe.
- (16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

<sup>(6)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA], DOI: 10.2903/j.efsa.2020.6262. Le fáil ar líne: [www.efsa.europa.eu](http://www.efsa.europa.eu).

- (17) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup> cuireadh síneadh le tréimhse formheasa *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12 go dtí an 15 Lúnasa 2024 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.
- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

### Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan

Formheas na substainte gníomhaí *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *kurstaki* SA-12, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

#### Airteagal 2

### Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### Airteagal 3

### Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Aizawai* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Israeliensis* (séiritiopa H-14) tréithchineál AM65-52, *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *Kurstaki* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineafoip, *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), ciopróidíní, déchlórpróp-P, feinpirocсамáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, píriméacarb, píridibein, píriméiteanail, riomsulfúrón, spíonasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, trichlóipir, tréineicseapac, trithiacnasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1).

## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormhéasa	Forálacha sonracha
<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-12	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-12, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi, a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibríthe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocrorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchothabháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>.</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Fágfar íostréimhse ama aon lá amháin idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-12 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura dtaispeánann sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-12, go bhfuil leibhéil na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g ag tráth a bhuainte.</li> </ul> <p>Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— sonraí maidir le barr inite ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. torthaí póma agus trátaí) maidir leis an meath ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-12 ar chodanna plandaí inite ó thráth leata táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na miocrorgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhaireamh spóir. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir faoin 13 Nollaig 2025.”</li> </ul>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).



Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 195,

(2) i gCuid B, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
'166	<i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-12	n.b.	Gan eisíontas ábhartha	1 Iúil 2023	30 Meitheamh 2038	<p>Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, is gá conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-12 agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi a chur san áireamh.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féid-earta iad miocrorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide;</li> <li>— an dearbhú ón táirgeoir go ndéanfar dianchotha-bháil ar dhálaí comhshaoil agus ar anailís rialaithe cáilíochta le linn an phróisis monaraíochta, chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>.</li> </ul> <p>Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Fágfar íostréimhse ama aon lá amháin idir leathadh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-12 agus buaint na mbarr inite a thomhlaítear agus iad úr, ach amháin mura léirítear sna sonraí iarmhar tomhaiste nó measta atá ar fáil maidir le <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-12 go bhfuil leibhéal na n-iarmhar sin faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g tráth na buainte mar a mholann EFSA.</li> </ul>

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
						<p>Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <p>— sonraí maidir le barr inite ionadaíoch amháin ar a laghad (i.e. ar thorthaí póma agus trátaí) maidir leis an laghdú ar dhlús spóir inmharthana <i>Bacillus thuringiensis</i> fospeiceas <i>kurstaki</i> SA-12 ar chodanna inite plandaí ón tráth a leatar tairge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin go dtí tráth na buainte nó go dtí go mbeidh na leibhéil a bhraitear faoi bhun 10<sup>5</sup> CFU/g, lena n-áirítear sonraí maidir le cobhsaíocht stórála na miocrorgánach idir an tsampláil agus an anailís ar chomhaireamh spór. Déanfar na modhanna agus na prótacail ábhartha a bheidh le húsáid a chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an Ballstát is Rapóirtéir faoin 13 Noll-aig 2025.</p>

<sup>(1)</sup> Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> pesticides\_ppp\_app-proc\_guide\_phys-chem-ana\_microbial-contaminant-limits.pdf (europa.eu).'

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/1006 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Aibreán 2023

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na tograí chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha <sup>(1)</sup> ('an Coinbhinsiún') i bhfeidhm an 17 Bealtaine 2004 agus tugadh i gcrích é thar ceann an Aontais le Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle <sup>(2)</sup>.
- (2) De bhun Airteagal 8 den Choinbhinsiún, is féidir le Comhdháil na bPáirtithe ceimiceáin a liostú in Iarscríbhinní A, B agus/nó C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus bearta rialaithe a bhaineann leis na ceimiceáin sin a shonrú.
- (3) Ba cheart aird chuí a thabhairt ar na moltaí ón gCoiste um Athbhreithniú ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, a bunaíodh i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún.
- (4) Ag a 11ú cruinniú, meastar go bhfuil Comhdháil na bPáirtithe chun cinntí maidir le tuilleadh ceimiceán a liostú in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a glacadh.
- (5) Chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar dechlorane plus, meatocsaclór agus UV-328 a scaoileadh a thuilleadh, is gá táirgeadh agus úsáid na gceimiceán sin ar an leibhéal domhanda a laghdú nó a dhíothú agus tacú lena liostú sna hiarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
- (6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhdháil na bPáirtithe a bhunú, ós rud é go mbeidh na cinntí a ghlacfar ina gceangal ar an Aontas nó go bhféadaidís tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, is é sin Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

Is é seo a leanas a beidh sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, agus aird chuí á tabhairt ar na moltaí ábhartha ón gCoiste um Athbhreithniú ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha:

- (a) tacú le dechlorane plus a liostú in Iarscríbhinn A maille leis na díolúintí sonracha arna moladh an gCoiste um Athbhreithniú Thruailleáin Orgánach Mharthanach;

<sup>(1)</sup> IO L 209, 31.7.2006, lch. 3.

<sup>(2)</sup> Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2004 a bhaineann le Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 209, 31.7.2006, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le thruailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

- (b) tacú le meatocsaclór a liostú in Iarscríbhinn A, gan aon díolúine shonrach;
- (c) tacú le UV-328 a liostú in Iarscríbhinn A maille leis na díolúintí sonracha arna moladh an Choiste um Athbhreithniú Truailleán Orgánach Marthanach.

*Airteagal 2*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, teacht ar chomhaontú maidir le mionchoigeartuithe ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, i bhfianaise na bhforbairtí ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe, le linn cruinnithe maidir le comhordú ar an láthair gan cinneadh breise ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Aibreán 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
An tUachtarán  
P. KULLGREN

---

## CINNEADH (AE) 2023/1007 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Aibreán 2023

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 16<sup>a</sup> cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt i ndáil le leasuithe áirithe ar Airteagail den Choinbhinsiún sin agus ar na hlarscríbhinní a ghabhann leis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt <sup>(1)</sup> ('an Coinbhinsiún') i bhfeidhm in 1992 agus tugadh i gcrích thar ceann an Aontais é le Cinneadh 93/98/CEE ón gComhairle <sup>(2)</sup>.
- (2) I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún, tá Comhdháil na bPáirtithe le leasuithe ar an gCoinbhinsiún, agus ar na hlarscríbhinní a ghabhann leis a mheas agus a ghlacadh, de réir mar is gá.
- (3) Rinne Comhdháil na bPáirtithe, le linn a 15ú cruinniú i mí an Mheithimh 2022, togra le haghaidh leasuithe ar Airteagal 6(2) den Choinbhinsiún a mheas, ar leasuithe iad a thíolaic Cónaidhm na Rúise. Is é is aidhm don togra sin teorainn ama 30 lá a bhunú ar laistigh di a thabharfaidh Stát allmhairiúcháin freagra ar an bhfógraí maidir le loingsiú dramhaíola, agus cuimsítear sa togra sin athrú amháin eile a chuirtear i láthair mar athrú eagarthóireachta. Chinn Comhdháil na bPáirtithe breithniú an togra sin a chur siar go dtí an gcéad chruinniú eile de Chomhdháil na bPáirtithe.
- (4) Cuireadh togra isteach freisin thar ceann an Aontais chun larscríbhinn IV agus iontrálacha áirithe in larscríbhinní II agus IX a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú agus phléigh Comhdháil na bPáirtithe é, le linn an 15ú cruinniú dá cuid. Is é is aidhm don togra, *inter alia*, tuairiscí ar na hoibríochtaí diúscartha a liostaítear in larscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú agus a shoiléiriú agus, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh: réamhrá ginearálta a chur san áireamh lena ndéantar idirdhealú soiléir idir na téarmaí 'neamh-aisghabháil' agus 'aisghabháil'; teidil agus téacsanna réamhráiteacha a chur isteach freisin lena mínítear an bhrí atá le 'oibríochtaí neamh-aisghabhála' (larscríbhinn IV, Roinn A) agus le 'oibríochtaí aisghabhála' (larscríbhinn IV, Roinn B); a shoiléiriú go gcumhdaítear gach oibríocht diúscartha a tharlaíonn nó a d'fhéadfadh tarlú i gcleachtas cibé stádas dlíthiúil atá aici agus cibé acu a mheastar nó nach meastar go bhfuil siad fóna ó thaobh an chomhshaoil de, agus go gcumhdaítear gach oibríocht a tharlaíonn roimh oibríochtaí eile freisin; na tuairiscí ar oibríochtaí a thabhairt cothrom le dáta agus a shoiléiriú i gcomhréir le forbairtí eolaíoch, teicniúla agus forbairtí eile a tharla ó glacadh an Coinbhinsiúin in 1989; agus a áirithiú, trí fhorálacha uileghabhálacha a thabhairt isteach, go gcumhdaítear le ceanglais an Choinbhinsiúin na hoibríochtaí uile nach luaitear go sonrach. Chinn Comhdháil na bPáirtithe an togra sin a bhreithniú a thuilleadh ag an gcéad chruinniú eile de Chomhdháil na bPáirtithe.
- (5) I ndáil leis an togra le haghaidh leasuithe ar Airteagal 6(2) den Choinbhinsiún a thíolaic Cónaidhm na Rúise isteach, níor cheart don Aontas tacú leis, ós rud é nach gcuideodh na leasuithe le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a mheasann an tAontas a bheith ina dtosaíochtaí le haghaidh fheidhmiú nós imeachta an Choinbhinsiúin um 'thoilíú feasach roimh ré'. Ina theannta sin, ní mór dul trí phróiseas fada dian chun go dtiocfaidh leasuithe ar chorp théacs an Choinbhinsiúin i bhfeidhm agus dealraíonn sé a bheith díréireach tús a chur le próiseas den sórt sin le haghaidh leasú nach mbaineann aon bhreislúach leis nó nach mbaineann leis ach fíorbheagán breislúacha.

<sup>(1)</sup> IO L 39, 16.2.1993, lch. 3.

<sup>(2)</sup> Cinneadh 93/98/CEE ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail, an Choinbhinsiúin maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus a ndiúscairt (Coinbhinsiún Basel) (IO L 39, 16.2.1993, lch. 1).

- (6) I ndáil leis an togra chun Iarscríbhinn IV agus iontrálacha áirithe in Iarscríbhinní II agus IX a leasú, ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag tacú lena ghlacadh. D'fhonn comhthoil a bhaint amach maidir leis an togra seo, d'fhéadfadh an tAontas solúbthacht a léiriú, go háirithe maidir leis na bearta atá beartaithe nach dócha go mbeidh tacaíocht leordhóthanach ann chun iad a ghlacadh ag an 16ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe. Áirítear leis sin, mar shampla, an plé maidir leis na hábhair is conspóidí a chur siar (ullmhú le haghaidh na hathúsáide agus oibríochtaí uileghabhálacha, mar shampla), comhaontú a lorg maidir leis na gnéithe eile den togra agus tacú le leasuithe a d'fhéadfadh Páirtithe eile a mholadh, ar choinníoll go bhféadfaidís na cuspóirí céanna agus atá taobh thiar de thograí an Aontais a bhaint amach, ar tograí iad maidir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
- (7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 16ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i ndáil leis na dtograí sin a bhunú, ós rud é go mbeadh na gníomhartha atá beartaithe dá nglacfaí iad, ina leasuithe ar théacs an Choinbhinsiúin agus leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún araon, agus go mbeadh siad dá bhrí sin, ina ina gceangal ar an Aontas agus go ndéanfaidís difear d'ábhar dhlí an Aontais, eadhon Treoir 2008/98/CE <sup>(3)</sup>, agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 16<sup>ú</sup> cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel an méid seo a leanas:

- (a) níor cheart don Aontas tacú leis an togra le haghaidh leasuithe ar Airteagal 6(2) den Choinbhinsiún, togra a thíolaic Cónaidhm na Rúise;
- (b) leanfaidís an tAontas de bheith ag tacú le glacadh leasuithe ar Iarscríbhinn IV agus ar iontrálacha áirithe in Iarscríbhinní II agus IX a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Chun a áirithiú go dtiocfar ar chomhthoil maidir le leasú ar Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, más gá sin, féadfaidís an tAontas solúbthacht a léiriú agus aontú imeacht ón togra a thíolaic sé lena bhreithniú ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe, agus tacú le hathruithe féideartha eile a d'fhéadfadh na cuspóirí céanna agus atá mar bhonn de thograí an Aontais a bhaint amach, ar tograí iad maidir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, agus nach mbaineann an bonn de chóras dlí an Aontais maidir le bainistiú agus loingsithe dramhaíola.

#### *Airteagal 2*

Féadfaidís ionadaithe de chuid an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, gan aon chinneadh breise ón gComhairle mionchoigeartú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 pointe (b) a chomhaontú, i bhfianaise forbairtí ag an 16<sup>ú</sup> cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe,.

#### *Airteagal 3*

Tiocfaidís an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Aibreán 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

P. KULLGREN

<sup>(3)</sup> Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1.)

**CINNEADH (AE) 2023/1008 ÓN gCOMHAIRLE****an 15 Bealtaine 2023**

**lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Eacuadór le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Phoblacht Eacuadór atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 16(2) agus 88 de, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Glacadh Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> an 11 Bealtaine 2016, tá sé infheidhme ón 1 Bealtaine 2017, agus leasfodh é le Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 <sup>(2)</sup>.
- (2) Le forálacha Rialachán (AE) 2016/794, go háirithe na forálacha a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) chuig tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, déantar foráil go bhféadfaidh Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.
- (3) Ba cheart tús a chur le caibidlíocht d'fhonn comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór a thabhairt i gcrích, comhaontú maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis Phoblacht Eacuadór atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac ('an Comhaontú').
- (4) Mar a dheirtear in Aithris 35 de Rialachán (AE) 2016/794, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) i rith na caibidlíochta le haghaidh an Chomhaontaithe, agus sula dtabharfar an Comhaontú i gcrích ar aon chuma.
- (5) Leis an gComhaontú ba cheart na cearta bunúsacha a urramú, agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a chomhlíonadh, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.
- (6) Níor cheart don Chomhaontú difear a dhéanamh d'aistriú sonraí pearsanta ná do chineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus ba cheart dó a bheith gan dochar don aistriú sin.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinní 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinní sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar sonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (IO L 169, 27.6.2022, lch. 1).

- (7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.
- (8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (9) Chuathas i gcomhairle le MECS maidir leis an gCinneadh seo agus maidir leis an aguisín a ghabhann leis, agus d'eisigh sé tuairim an 19 Aibreán 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

1. Leis seo. údaráítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Eacuadór le haghaidh comhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór, maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Phoblacht Eacuadór atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.
2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

#### *Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

#### *Airteagal 3*

1. Seolfar an chaibidlíocht, dá dtagraítear in Airteagal 1, i gcomhairle leis an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí – Póilíní (LEWP-Póilíní), faoi réir aon treoracha a d'fhéadfadh an Chomhairle a eisiúint ina dhiaidh sin don Choimisiún.
2. Tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta ar bhonn rialta agus aon uair a iarrfaidh an Chomhairle air, agus cuirfidh sé na doiciméid ábhartha ar aghaidh chuig an gComhairle a luaithe is féidir chun go mbeidh tréimhse ama réasúnta ag comhaltaí de chuid na Comhairle chun iad féin a ullmhú i gceart le haghaidh na caibidlíochta a bheidh ann amach anseo.

I gcás inarb iomchuí, nó i gcás ina n-iarrfaidh an Chomhairle air, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i scríbhinn ar fáil.

#### *Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. FORSSMED



**CINNEADH (AE) 2023/1009 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 15 Bealtaine 2023**

**lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht le Stát Ilnáisiúnach na Bolaive le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stát Ilnáisiúnach na Bolaive maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Bolaive atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 16(2) agus 88, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, glacadh é an 11 Bealtaine 2016, tá sé infheidhme ón 1 Bealtaine 2017 agus leasfodh é le Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>.
- (2) Maidir le forálacha Rialachán (AE) 2016/794, go háirithe na forálacha a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) chuig tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, déantar foráil leo go bhféadfaidh Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena dtugtar ar aird coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.
- (3) Ba cheart tús a chur le caibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Stát Ilnáisiúnach na Bolaive maidir le malartú sonraí pearsanta idir Europol agus údaráis na Bolaive atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac ('an Comhaontú').
- (4) Mar a luaitear in Aithris 35 de Rialachán (AE) 2016/794, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) i rith na caibidlíochta le haghaidh an Chomhaontaithe, agus in aon chás sula dtabharfar an Comhaontú i gcrích.
- (5) Leis an gComhaontú ba cheart na cearta bunúsacha a urramú, agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a chomhlíonadh, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.
- (6) Níor cheart don Chomhaontú difear a dhéanamh d'aistriú sonraí pearsanta ná do chineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus ba cheart dó a bheith gan dochar don aistriú sin.
- (7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinní 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinní sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar sonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (IO L 169, 27.6.2022, lch. 1).

- (8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (9) Chuathas i gcomhairle le MECS maidir leis an gCinneadh seo agus maidir leis an Aguisín a ghabhann leis, agus d'eisigh sé tuairim an 3 Bealtaine 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Stát Ilnáisiúnach na Bolaive le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stát Ilnáisiúnach na Bolaive maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Bolaive atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.
2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo..

#### *Airteagal 2*

Déantar an Coimisiún a ainmniú leis seo mar idirbheartaí an Aontais.

#### *Airteagal 3*

1. Seolfar an chaibidlíocht dá dtagraítear in Airteagal 1 i gcomhairle leis an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí – Póilíní (LEWP-Póilíní), faoi réir aon treoirt a d'fhéadfadh an Chomhairle a eisiúint ina dhiaidh sin don Choimisiún.
2. Tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta ar bhonn rialta agus aon uair a iarrfaidh an Chomhairle air, agus cuirfidh sé na doiciméid ábhartha ar aghaidh chuig an gComhairle a luaithe is féidir chun go mbeidh tréimhse ama réasúnta ag comhaltaí de chuid na Comhairle chun iad féin a ullmhú i gceart le haghaidh na caibidlíochta a bheidh ann amach anseo.

I gcás inarb iomchuí, nó arna iarraidh sin don Chomhairle, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i scríbhinn ar fáil.

#### *Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiseil, an 15 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. FORSSMED

**CINNEADH (AE) 2023/1010 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 15 Bealtaine 2023**

**lena n-údaráítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Brasaíle atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 16(2) agus 88, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, glacadh é an 11 Bealtaine 2016, tá sé infheidhme ón 1 Bealtaine 2017 agus leasaíodh é le Rialachán(AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>.
- (2) Maidir le forálacha Rialachán (AE) 2016/794, go háirithe na forálacha a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) chuig tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, déantar foráil leo go bhféadfaidh Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena dtugtar ar aird coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.
- (3) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le malartú sonraí pearsanta idir Europol agus údaráis na Brasaíle atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac ('an Comhaontú').
- (4) Mar a luaitear in Aithris 35 de Rialachán (AE) 2016/794, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) i rith na caibidlíochta le haghaidh an Chomhaontaithe, agus in aon chás sula dtabharfar an Comhaontú i gcrích.
- (5) Leis an gComhaontú ba cheart na cearta bunúsacha a urramú, agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a chomhlíonadh, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.
- (6) Níor cheart don Chomhaontú difear a dhéanamh d'aistriú sonraí pearsanta ná do chineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus ba cheart dó a bheith gan dochar don aistriú sin.
- (7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinní 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinní sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (IO L 169, 27.6.2022, lch. 1).

- (8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (9) Chuathas i gcomhairle le MECS maidir leis an gCinneadh seo agus maidir leis an Aguisín a ghabhann leis, agus d'eisigh sé tuairim an 3 Bealtaine 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Brasaíle atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.
2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Déantar an Coimisiún a ainmniú leis seo mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

1. Seolfar an chaibidlíocht dá dtagraítear in Airteagal 1 i gcomhairle leis an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí – Póilíní (LEWP-Póilíní), faoi réir aon treoir a d'fhéadfadh an Chomhairle a eisiúint ina dhiaidh sin don Choimisiún.
2. Tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta ar bhonn rialta agus aon uair a iarrfaidh an Chomhairle air, agus cuirfidh sé na doiciméid ábhartha ar aghaidh chuig an gComhairle a luaithe is féidir chun go mbeidh tréimhse ama réasúnta ag comhaltaí de chuid na Comhairle chun iad féin a ullmhú i gceart le haghaidh na caibidlíochta a bheidh ann amach anseo.

I gcás inarb iomchuí, nó arna iarraidh sin don Chomhairle, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i scríbhinn ar fáil.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. FORSSMED

**CINNEADH (AE) 2023/1011 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 15 Bealtaine 2023**

**lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht le Stáit Aontaithe Mheicsiceo le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Mheicsiceo atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 16(2) agus 88, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, glacadh é an 11 Bealtaine 2016, tá sé infheidhme ón 1 Bealtaine 2017 agus leasíodh é le Rialachán(AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>.
- (2) Maidir le forálacha Rialachán (AE) 2016/794, go háirithe na forálacha a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) chuig tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, déantar foráil leo go bhféadfaidh Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena dtugtar ar aird coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.
- (3) Ba cheart tús a chur le caibidlíocht d'fhonn comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo a thabhairt i gcrích, comhaontú maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis Mheicsiceo atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac ('an Comhaontú').
- (4) Mar a luaitear in Aithris 35 de Rialachán (AE) 2016/794, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) i rith na caibidlíochta le haghaidh an Chomhaontaithe, agus in aon chás sula dtabharfar an Comhaontú i gcrích.
- (5) Leis an gComhaontú ba cheart na cearta bunúsacha a urramú, agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a chomhlíonadh, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.
- (6) Níor cheart don Chomhaontú difear a dhéanamh d'aistriú sonraí pearsanta ná do chineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus ba cheart dó a bheith gan dochar don aistriú sin,
- (7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinní 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinní sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar sonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (IO L 169, 27.6.2022, lch. 1).

- (8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (9) Chuathas i gcomhairle le MECS maidir leis an gCinneadh seo agus maidir leis an Aguisín a ghabhann leis, agus d'eisigh sé tuairim an 3 Bealtaine 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Stáit Aontaithe Mheicsiceo le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Mheicsiceo atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.
2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Déantar an Coimisiún a ainmniú leis seo mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

1. Seolfar an chaibidlíocht dá dtagraítear in Airteagal 1 i gcomhairle leis an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí – Póilíní (LEWP-Póilíní), faoi réir aon treoir a d'fhéadfadh an Chomhairle a eisiúint ina dhiaidh sin don Choimisiún.
2. Tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta ar bhonn rialta agus aon uair a iarrfaidh an Chomhairle air, agus cuirfidh sé na doiciméid ábhartha ar aghaidh chuig an gComhairle a luaithe is féidir chun go mbeidh tréimhse ama réasúnta ag comhaltaí de chuid na Comhairle chun iad féin a ullmhú i gceart le haghaidh na caibidlíochta a bheidh ann amach anseo.

I gcás inarb iomchuí, nó arna iarraidh sin don Chomhairle, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i scríbhinn ar fáil.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. FORSSMED

**CINNEADH (AE) 2023/1012 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 15 Bealtaine 2023**

**Iena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Pheiriú le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Phoblacht Pheiriú atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 16(2) agus 88, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, glacadh é an 11 Bealtaine 2016, tá sé infheidhme ón 1 Bealtaine 2017 agus leasaíodh é le Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>.
- (2) Maidir le forálacha Rialachán (AE) 2016/794, go háirithe na forálacha a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) chuig tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, déantar foráil leo go bhféadfaidh Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena dtugtar ar aird coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.
- (3) Ba cheart tús a chur le caibidlíocht d'fhonn comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú a thabhairt i gcrích, comhaontú maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis Phoblacht Pheiriú atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac ('an Comhaontú').
- (4) Mar a luaitear in Aithris 35 de Rialachán (AE) 2016/794, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) i rith na caibidlíochta le haghaidh an Chomhaontaithe, agus in aon chás sula dtabharfar an Comhaontú i gcrích.
- (5) Leis an gComhaontú ba cheart na cearta bunúsacha a urramú, agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a chomhlíonadh, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaiigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.
- (6) Níor cheart don Chomhaontú difear a dhéanamh d'aistriú sonraí pearsanta ná do chineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus ba cheart dó a bheith gan dochar don aistriú sin.
- (7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinní 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinní sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar sonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (IO L 169, 27.6.2022, lch. 1).

- (8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CFAE agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (9) Chuathas i gcomhairle le MECS maidir leis an gCinneadh seo agus maidir leis an Aguisín a ghabhann leis, agus d'eisigh sé tuairim an 3 Bealtaine 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Pheiriú le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú, maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Phoblacht Pheiriú atá inniúil chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.
2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

#### *Airteagal 2*

Déantar an Coimisiún a ainmniú leis seo mar idirbheartaí an Aontais.

#### *Airteagal 3*

1. Seolfar an chaibidlíocht dá dtagraítear in Airteagal 1 i gcomhairle leis an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí – Póilíní (LEWP-Póilíní), faoi réir aon treoir a d'fhéadfadh an Chomhairle a eisiúint ina dhiaidh sin don Choimisiún.
2. Tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta ar bhonn rialta agus aon uair a iarrfaidh an Chomhairle air, agus cuirfidh sé na doiciméid ábhartha ar aghaidh chuig an gComhairle a luaithe is féidir chun go mbeidh tréimhse ama réasúnta ag comhaltaí de chuid na Comhairle chun iad féin a ullmhú i gceart le haghaidh na caibidlíochta a bheidh ann amach anseo.

I gcás inarb iomchuí, nó arna iarraidh sin don Chomhairle, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i scríbhinn ar fáil.

#### *Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. FORSSMED



**CINNEADH (AE) 2023/1013 ÓN gCOMHAIRLE****an 16 Bealtaine 2023****maidir le maolú ar Chinneadh 2013/471/AE maidir le liúntais laethúla a dheonú do chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus maidir le haisíoc speansas taistil chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus a gcomhaltaí malartacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2021/1072**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 301, an tríú mír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh (AE) 2021/1072 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, tugadh isteach maolú sealadach ar Airteagail 2, 3 agus 4 de Chinneadh 2013/471/AE ón gComhairle <sup>(2)</sup> a mhéid a bhaineann le liúntais laethúla a íoc agus speansas taistil a aisíoc le comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ('an Choiste') agus lena gcomhaltaí malartacha (dá ngairtear le chéile 'na tairbhíthe'), lena dtugtar teidlíocht do thairbhíthe a chianfhreastalaíonn ar chruinnithe trí mhéan leictreonach ar liúntas laethúil.
- (2) Measadh go raibh gá leis an maolú sealadach chun a ráthú go bhféadfaí gníomhaíochtaí an Choiste a dhéanamh ar bhealach iomchuí agus inbhuanaithe i gcónaí chun leanúnachas institiúideach a áirithiú ar feadh thréimhse na ndeacrachtaí leanúnacha taistil nó na srianta leanúnacha sláintíochta ar chruinnithe fisiciúla a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas.
- (3) Léiríodh sna tuarascálacha a thólaic an Choiste maidir le cur i bhfeidhm an mhaolaithe shealadaigh na sochair bhuiséadacha agus chomhshaoil maidir le liúntas laethúil a bheith ag na tairbhíthe a chianfhreastalaíonn ar chruinnithe trí mheán leictreonach chomh maith leis na buntáistí agus na gnóthachain éifeachtúlachta a bhaineann le leanúnachas institiúideach agus gnó an Choiste. Tá na sochair sin fós ábhartha beag beann ar chásanna nach mbaineann le deacrachtaí taistil a d'eascair as paindéim COVID-19 san Aontas, mar a léirítear san iarraidh ón gChoiste ar an gComhairle ar réiteach struchtúrach lena bhféadfaí liúntas laethúil a dheonú do thairbhíthe a chianfhreastalaíonn ar chineálacha áirithe cruinnithe den Choiste trí mheán leictreonach.
- (4) Is iomchuí, dá bhrí sin, réiteach struchtúrach a chur in ionad an mhaolaithe shealadaigh a thugtar isteach le Cinneadh (AE) 2021/1072, réiteach lena bhféadfaí liúntas laethúil a dheonú do thairbhíthe a chianfhreastalaíonn trí mheán leictreonach ar na cruinnithe sin arna n-údarú go cuí i gcomhréir le rialacha inmheánacha an Choiste, cé is moite de chruinnithe den Bhiúró, seisiúin iomlánacha an Tionóil, cruinnithe de rannóga agus den Choimisiúin Chomhairleach um Athruithe Tionsclaíoch. Is iomchuí freisin, i gcás imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, i gcás nach féidir cruinnithe an Choiste a eagrú go hiomlán agus na baill a bheith i láthair go fisiciúil, an liúntas laethúil do na tairbhíthe i gcomhair cianfhreastail trí mheán leictreonach a dheonú i ndáil le aon cruinniú eile arna údarú go cuí den Choiste a bhfuil bunriachtanach chun leanúnachas institiúideach agus gnó an Choiste a ráthú.
- (5) Is ísle na costais riaracháin iarbhí a thabhaíonn tairbhí a chianfhreastalaíonn ar chruinniú trí mheán leictreonach ná ráta an liúntais laethúil is infheidhme faoi láthair maidir le freastal go fisiciúil ar chruinnithe, bíodh is gur mar a chéile an t-achar ama a chaitheann tairbhí ag an gcruinniú. Ós mar sin atá, is iomchuí go n-oiriúnófaí dá réir an liúntas laethúil a dheonaítear leis na tairbhíthe a dhéanann cianfhreastal ar chruinnithe.

<sup>(1)</sup> Cinneadh (AE) 2021/1072 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 maidir le maolú sealadach ar Chinneadh 2013/471/AE maidir le liúntais laethúla a dheonú do chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus dá gcomhaltaí malartacha agus maidir le haisíocaíocht speansas taistil na gcomhaltaí sin i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 230, 30.6.2021, lch. 30).

<sup>(2)</sup> Cinneadh 2013/471/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir le liúntais laethúla a dheonú do chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus maidir le haisíoc speansas taistil chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus a gcomhaltaí malartacha (IO L 253, 25.9.2013, lch. 22).

- (6) Ba cheart don Choiste rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le deonú an liúntais laethúil do thairbhíthe a chianfhreastalaíonn cruinnithe trí mheán leictreonach, d'fhonn na tairbhí a eascraíonn as cianfhreastal a uasmhéadú agus, ag an am céanna, a áirithiú nach bhfuil méadú gan údar ar líon na gcruinnithe a eagraíonn an Coiste.
- (7) Ba cheart don Choiste tuarascálacha rialta a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an liúntais laethúil do thairbhíthe a chianfhreastalaíonn ar chruinnithe trí mheán leictreonach ionas gur féidir leis an gComhairle meastóireacht a dhéanamh ar a thionchar sin, i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe mar a leagtar amach i gCinneadh 2013/471/AE iad. Ba cheart a léiriú sna tuarascálacha sin, go háirithe, an fhorbairt ar líon na gcruinnithe a chianfhreastail an Coiste orthu trí mheán leictreonach agus an fad a mhair siad, agus an choigilt bhuiséadach agus chomhshaoil a bhaineann leis na cruinnithe sin.
- (8) Ba cheart an Cinneadh seo a chur san áireamh in athbhreithniú cuimsitheach arna dhéanamh amach anseo ar Chinneadh 2013/471/AE, roimh dheireadh théarma oifige reatha an Choiste.
- (9) Ba cheart do Chinneadh (AE) 2021/1072 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

1. De mhaolú ar Airteagail 2, 3 agus 4 de Chinneadh 2013/471/AE, beidh na tairbhíthe a chianfhreastalaíonn ar chruinnithe den Choiste trí mheán leictreonach i dteideal liúntas laethúil arna shocrú ag EUR 145.
2. Ní bheidh deonú an liúntais laethúil dá dtagraítear i mír 1 infheidhme ach amháin maidir le cruinnithe a údaraíodh i gcomhréir le rialacha inmheánacha an Choiste, cé is moite de chruinnithe den Bhiúró, de sheisiúin iomlánacha an Tionóil, de chruinnithe na rannóga agus cruinnithe an Choimisiúin Chomhairleach um Athruithe Tionsclaíocha.
3. In imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, déanfar an liúntas laethúil dá dtagraítear i mír 1 a dheonú freisin d'aon chruinniú eile arna údarú go cuí, cé is moite de chruinnithe a ndéanfaítear an liúntas laethúil ina leith i gcomhréir le mír 2, ar choinníoll nach féidir an cruinniú sin a eagrú go hiomlán agus na baill a bheith i láthair go fisiciúil agus go bhfuil sé fíorriachtanach chun leanúnachas institiúideach agus gnó an Choiste a ráthú,

#### *Airteagal 2*

Glacfaidh an Coiste forálacha mionsonraithe lena gcuirfear Airteagal 1 chun feidhme faoin 26 Iúil 2023.

#### *Airteagal 3*

Déanfar an tuairisciú ar chur i bhfeidhm an liúntais laethúil dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo a áireamh sna ceanglais tuairiscithe faoi Airteagal 9 de Chinneadh 2013/471/AE.

#### *Airteagal 4*

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2021/1072.

#### *Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
E. SVANTESSON

---

**CINNEADH (AE) 2023/1014 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 16 Bealtaine 2023**

**lena gceaptar comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Spáinne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.
- (2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 <sup>(2)</sup>, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.
- (3) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Javier VILA FERRERO éirí as oifig.
- (4) Mhol Rialtas na Spáinne Ana Isabel CÁRCABA GARCÍA, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Consejera de Hacienda, Gobierno del Principado de Asturias* (Aire Airgeadais Réigiúnach i Rialtas Phrionsacht Asturias) mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo ceaptar Ana Isabel CÁRCABA GARCÍA, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach, *Consejera de Hacienda, Gobierno del Principado de Asturias* (Aire Airgeadais Réigiúnach i Rialtas Phrionsacht Asturias) mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
E. SVANTESSON

<sup>(1)</sup> IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

**CINNEADH (CBES) 2023/1015 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 23 Bealtaine 2023**

**lena ndearbhaítear rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2315 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 46(3) de,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 10 maidir le buanchomhar struchtúrtha arna bhunú le hAirteagal 42 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

Ag féachaint don tuairim ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 46(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) nach mór d'aon Bhallstát ar mian leis a bheith rannpháirteach i mbuanchomhar struchtúrtha (PESCO), a intinn a chur in iúl don Chomhairle agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').
- (2) An 1 Meitheamh 2022, reáchtáladh reifreann sa Danmhairg maidir le cúlghairm na díolúine ó rannpháirtíocht i gcinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu a leagtar síos in Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Danmhairge. Bhí vóta i bhfabhar cúlghairme mar thoradh ar an reifreann sin.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Phrótacal Uimh. 22, chuir an Danmhairg in iúl do na Ballstáit eile nach mian léi leas a bhaint a thuilleadh as Airteagal 5 den Phrótacal sin ón 1 Iúil 2022, le litir óna hAire Gnóthaí Eachtracha an 20 Meitheamh 2022.
- (4) An 23 Márta 2023, fuair an Chomhairle agus an tArdionadaí fógra ón Danmhairg i gcomhréir le hAirteagal 46(3) CAE, go bhfuil sé ar intinn ag an Danmhairg a bheith rannpháirteach in PESCO.
- (5) Leag an Danmhairg amach ina Phlean Cur Chun Feidhme Náisiúnta an cumas atá aicina gealltanais níos ceangailte, atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle (<sup>(1)</sup>), atá tugtha ag na Ballstáit rannpháirteacha dá chéile a chomhlíonadh.
- (6) Tar éis na coinníollacha riachtanacha a chomhlíonadh, is iomchuí don Chomhairle, dá bhrí sin, cinneadh a ghlacadh lena ndearbhaítear rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO.
- (7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2017/2315 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Dearbhaítear leis seo rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO.

<sup>(1)</sup> Cinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach (IO L 331, 14.12.2017, lch. 57).

*Airteagal 2*

In Airteagal 2 de Chinneadh (CBES) 2017/2315, cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach tar éis an tríú fleasc:

‘— an Danmhairg,’.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

---

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1016 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 22 Bealtaine 2023**

**lena leasaítear Cinneadh 2002/994/CE maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le táirgí de bhunadh ainmhióch a allmhairítear ón tSín**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup> (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla), agus go háirithe Airteagal 128(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá feidhm ag Cinneadh 2002/994/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> maidir le gach táirge de bhunadh ainmhióch a allmhairítear ón tSín agus atá ceaptha lena chaitheamh ag an duine nó lena úsáid mar bheatha ainmhithe.
- (2) De bhun Airteagal 2(1) den Chinneadh sin, tá na Ballstáit le toirmeasc a chur ar allmhairiú na dtáirgí sin. Déantar foráil in Airteagal 2(2) maidir le dhá mhaolú ón toirmeasc sin.
- (3) I gcomhréir leis an gcéad mhaolú, ní mór do na Ballstáit allmhairiú táirgí a liostaítear i gCuid I den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2002/994/CE a údarú i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha sláinte ainmhithe agus sláinte poiblí is infheidhme maidir leis na táirgí lena mbaineann.
- (4) I gcomhréir leis an dara maolú, tá na Ballstáit le húdarú a thabhairt d'allmhairí táirgí a liostaítear i gCuid II den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2002/994/CE, táirgí a bhfuil dearbhú ag gabháil leo ó údarás inniúil na Síne ina luaitear go ndearnadh tástáil cheimiceach ar gach coinsíneacht, chun a áirithiú nach gcuireann na táirgí lena mbaineann sláinte an duine i mbaol.
- (5) Le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2258 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>, tugadh isteach díorthaigh saille áirithe, amhail vitimín D3 agus réamhtheachtaithe a úsáidtear chun vitimín D3 a tháirgeadh, mar tháirgí atá an-mhínphróiseáilte. Tugadh an leasú sin isteach toisc go ndíothaítear aon riosca don tsláinte phoiblí agus do shláinte ainmhithe trí chóireáil shonrach na dtáirgí sin de bhunadh ainmhióch a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

<sup>(1)</sup> IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Cinneadh 2002/994/CE ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2002 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le táirgí de bhunadh ainmhióch arna n-allmhairiú ón tSín (IO L 348, 21.12.2002, lch. 154).

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhióch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

<sup>(4)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2258 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonrach sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhióch a mhéid a bhaineann le táirgí iascaigh, le huibheacha agus le táirgí an-mhínphróiseáilte áirithe, agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le moilisc dhébhlaoscacha áirithe (IO L 299, 18.11.2022, lch. 5).

- (6) Foráiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún<sup>(5)</sup> go bhféadfaidh táirgí an-mhínphróiseáilte a dhíorthaítear ó chrúbacha teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán sin. Tá an tSín ar cheann de na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán sin. Dá bhrí sin, ba cheart cead a thabhairt vitimín D3 agus réamhtheachtaithe a úsáidtear chun iad a tháirgeadh teacht isteach san Aontas ón tSín i gcomhréir le hAirteagal 22, pointe (a), den Rialachán sin.
- (7) Is táirge ardíonaithe é Vitimín D3 agus úsáidtear é freisin i mbeatha chun riachtanais chothaitheacha na n-ainmhithe a chomhlíonadh. Tá ról riachtanach ag Vitimín D3 ó thaobh próisis fiseolaíocha cailciam agus fosfair a rialáil. Údaraíodh breiseáin éagsúla atá oiriúnaithe go sonrach don úsáid i mbeatha chun easnaimh sa vitimín seo a chosc. Tá Vitimín D3 riachtanach freisin do shláinte agus leas ainmhithe. Ba cheart do na hallmhairí ábhartha ceanglais sláinte beatha, sláinte poiblí agus sláinte ainmhithe a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart go gceadófaí do vitimín D3 agus do réamhtheachtaithe a úsáidtear chun iad a tháirgeadh teacht isteach san Aontas ón tSín i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(6)</sup> agus Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(7)</sup>.
- (8) Dá bhrí sin, is iomchuí an maolú ón toirmeasc ar theacht isteach san Aontas ón tSín de bhun Airteagal 2(2) de Chinneadh 2002/994/CE a leathnú chun vitimín D3 agus réamhtheachtaithe a úsáidtear chun iad a tháirgeadh a chumhdach.
- (9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2002/994/CE a leasú dá réir.
- (10) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2002/994/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

<sup>(6)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte a mhéid a bhaineann le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena naisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

<sup>(7)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe (IO L 268, 18.10.2003, lch. 29).



## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid I san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2002/994/CE:

## ‘CUID I

Liosta táirgí de bhunadh ainmhióch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine nó lena n-úsáid mar bheatha ainmhithe a údaraítear a allmhairiú isteach san Aontas gan an fianú dá bhforáiltear in Airteagal 3:

- táirgí iascaigh, seachas:
  - iad siúd a fhaightear ó dhobharshaothrú,
  - séaclaí scafa agus/nó próiseáilte,
  - cráifisc den speiceas *Procambus clarkii* a ghabhtar i bhfionnuiscí nádúrtha trí oibríochtaí iascaireachta;
- geilitín;
- breiseáin bhia mar a rialaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*);
- substaintí atá le húsáid mar fhorbhianna nó i bhforbhianna mar a rialaítear faoi Threoir (CE) 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*\*);
- vitimín D3 atá ceaptha lena chaitheamh ag an duine, agus réamhtheachtaithe a úsáidtear chun iad a tháirgeadh, nuair a chomhlíonann siad na cóireálacha sonracha le haghaidh na dtáirgí an-mhínphróiseáilte sin (díorthaigh shaille) a shocraítear i Roinn XVI d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 (\*\*\*);
- bia peataí mar a rialaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*\*\*\*);
- sulfáit chondróitine agus glúcósaimín a mheastar a bheith ina n-ábhar beatha, mar a rialaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún (\*\*\*\*\*);
- vitimín D3 atá le húsáid mar bhreiseáin beathaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*\*\*\*\*) agus réamhtheachtaithe a úsáidtear chun é a tháirgeadh, le haghaidh beatha le haghaidh ainmhithe feirmshaothraithe agus bia peataí mar a rialaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009;
- L-cistéin agus L-cistín atá le húsáid mar bhreiseáin beathaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(\*) Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).

(\*\*) Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

(\*\*\*) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhióch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

(\*\*\*\*) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte a mhéid a bhaineann le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

(\*\*\*\*\* Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2013 maidir leis an gCatalóg d'ábhair beatha (IO L 29, 30.1.2013, lch. 1).

(\*\*\*\*\*) Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe (IO L 268, 18.10.2003, lch. 29).'

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1017 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 23 Bealtaine 2023**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar *Staphylococcus aureus* frithsheasmhach in aghaidh meiticilline (MRSA) i muca lena ramhrú**

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad X)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faireachán ar zónóisí agus ar oibreáin zónóiseacha, lena leasaítear Cinneadh 90/424/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 92/117/CEE <sup>(1)</sup> ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4(5), Airteagal 7(3) agus Airteagal 9(1), an ceathrú fómhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2003/99/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go soláthrófar tríd an bhfaireachán sonraí inchomparáide maidir le teacht chun cinn frithsheasmhachta frithmhiocróbaí (FSFM) in oibreáin zónóiseacha agus, a mhéid a bhfuil bagairt don tslándáil ag baint leo, in oibreáin eile.
- (2) Le Treoir 2003/99/CE, foráiltear freisin go ndéanfaidh na Ballstáit treochtaí agus foinsí FSFM a mheas ina gcríoch agus tuarascáil ina gcumhdaítear sonraí a bailíodh i gcomhréir leis an Treoir sin a tharchur chuig an gCoimisiún gach bliain.
- (3) I gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le faireachán agus tuairisciú comhchuibhithe a dhéanamh ar FSFM i mbaictéir zónóiseacha agus chomhthíosacha. Sna rialacha a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, cumhdaítear an tréimhse idir 2021 agus 2027 agus foráiltear leo maidir le córas samplála rothlach bliantúil le haghaidh speicis ainmhíocha. I gcomhréir leis an gcóras rothlach, ní mór muca lena ramhrú a shampláil in 2025.
- (4) Is pataigin *Staphylococcus aureus* frithsheasmhach in aghaidh meiticilline (MRSA) atá ina chúis le go leor ionfhabhtuithe a bhaineann leis an bpobal agus le cúram sláinte agus atá deacair a chóireáil i ndaoine daonna mar tá na hionfhabhtuithe sin frithsheasmhach in aghaidh antaibheathaigh iomadúla. Le blianta beaga anuas, tá ábhar inní domhanda i gceist le teacht chun cinn MRSA a bhaineann le beostoic agus leis an leitheadúlacht ina leith atá ag méadú i muca, go háirithe i gcás thíopa seichimh 398 a bhaineann le coimpléasc clónach 398, mar is féidir lena scaipeadh cur isteach ar chóireáil éifeachtach galar tógálach i ndaoine daonna. I measc na dtosca riosca eile a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le hionfhabhtú i ndaonraí daonna áirithe amhaíl feirmeoirí agus oibreoirí seamlais, tá tógáil agus marú muc atá ionfhabhtaithe le MRSA a bhaineann le beostoic freisin. Dá bhrí sin, bheadh sé an-luachmhar faireachán a dhéanamh ar leitheadúlacht MRSA a bhaineann le beostoic i muca lena ramhrú chun faisnéis chuimsitheach inchomparáide iontaoifa a fháil maidir le forbairt agus scaipeadh MRSA ar leibhéal an Aontais d'fhonn idirghabhálacha iomchuí a fhorbairt, má mheastar gur gá sin, chun ionfhabhtuithe MRSA a rialú agus a chosc.
- (5) An 17 Deireadh Fómhair 2022 d'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia tuarascáil eolaíoch maidir le 'Sonraíochtaí teicniúla le haghaidh suirbhé bonnlíne maidir le leitheadúlacht *Staphylococcus aureus* fhrithsheasmhaigh in aghaidh meiticilline (MRSA) i muca <sup>(3)</sup>' (sonraíochtaí teicniúla EFSA). Sa tuarascáil sin leagtar béim ar a iomchuí atá sé suirbhé uile-Aontais aon bhliana amháin a dhéanamh ar bhaisceanna muc lena ramhrú tráth a maraithe chun leitheadúlacht MRSA i ndaonra na muc lena ramhrú san Eoraip a mheas, agus sainítear prótacal sa tuarascáil sin le haghaidh an tsuirbhé sin lena n-áirítear an spriocphobal, ceanglais maidir leis na samplaí, modhanna anailíseacha agus ceanglais maidir le tuairisciú sonraí.
- (6) Ba cheart sonraíochtaí teicniúla an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia a mheas nuair a leagtar síos rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú comhchuibhithe a dhéanamh ar MRSA i muca lena ramhrú san Aontas.

<sup>(1)</sup> IO L 325, 12.12.2003, lch. 31.

<sup>(2)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2020 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach i mbaictéir zónóiseacha agus chomhthíosacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/652/AE (IO L 387, 19.11.2020, lch. 8)

<sup>(3)</sup> <https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/7620>

- (7) Chun leas a bhaint as sampláil na muc lena ramhrú atá beartaithe in 2025 le haghaidh baictéir eile i gcomhréir leis an gcóras rothlach bliantúil atá i bhfeidhm cheana, ba cheart na ceanglais maidir le faireachán a dhéanamh ar MRSA i muca lena ramhrú a leagan síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 agus ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2025.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 a leasú dá réir.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

### **Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1(2), cuirtear an pointe (f) seo a leanas leis:

‘(f) *Staphylococcus aureus* frithsheasmhach in aghaidh meiticilline (MRSA).’;

- (2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘(2) Saotharlanna tagartha náisiúnta le haghaidh FSFM, nó saotharlanna eile arna n-ainmniú ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625, beidh siad freagrach as an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) tástáil ar shoghabhálacht frithmhiocróbán a dhéanamh ar aonraígh bhaictéaracha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcomhréir le ceanglais theicniúla a leagtar amach i gCuid A, pointe 4, den Iarscríbhinn;
  - (b) faireachán sonrach a dhéanamh ar *E. coli* a tháirgeann bhéite-lachtamáisí le speictream leathnaithe, AmpC nó carbaipeineamáisí i gcomhréir leis na ceanglais theicniúla a leagtar amach i gCuid A, pointe 5, den Iarscríbhinn;
  - (c) faireachán sonrach a dhéanamh ar MRSA i gcomhréir leis na ceanglais theicniúla a leagtar amach i gCuid A, pointe 5a, den Iarscríbhinn;
  - (d) an modh malartach dá dtagraítear i gCuid A, pointe 6 den Iarscríbhinn.’;
- (3) Leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

#### *Airteagal 2*

### **Cur i bhfeidhm**

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2025.

#### *Airteagal 3*

### **Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Stella KYRIAKIDES  
*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 ón gCoimisiún, leasaítear Cuid A mar a leanas:

1. i bpointe 1, cuirtear an mhír (f) seo a leanas leis:

‘(f) Aonraígh MRSA a fhaightear ó shamplaí sróine a thógtar ó mhuca lena ramhrú tráth an mharaithe.’;

2. i bpointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (a):

‘(a) Sna blianta 2021, 2023, 2025 agus 2027: Déanfar faireachán FSFM ar mhuca lena ramhrú, ar bhó-ainmhithe faoi bhun aon bhliain d’aois, ar mhúiceoil agus ar mhairteoil cé is moite d’fhaireschán MRSA a dhéanamh ar mhuca lena ramhrú nach ndéanfar sna blianta 2023 agus 2027.’

3. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.1:

‘3.1 *Ar leibhéal an tseamlais*

(a) Dearadh Samplála:

Agus a bplean samplála á dheardh acu ar leibhéal an tseamlais le haghaidh ábhar ón gcaochán, cuirfidh na Ballstáit sonraíochtaí teicniúla an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia maidir le sampláil randamaithe san áireamh chun faireachán comhchuibhithe a dhéanamh ar fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach i mbaictéir zónóiseacha agus chomhthíosacha <sup>(1)</sup>.

Agus a bplean samplála á dheardh acu ar leibhéal an tseamlais le haghaidh samplaí sróine ó mhuca lena ramhrú, cuirfidh na Ballstáit san áireamh sonraíochtaí teicniúla an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia maidir le suirbhé bunlíne ar leitheadúlacht *Staphylococcus aureus* fhrithsheasmhaigh in aghaidh meiticilline (MRSA) i muca <sup>(2)</sup>.

Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar sampláil shraithithe chomhréireach ar shamplaí i seamlais ina bpróiseáiltear ar a laghad 60 % den daonra ainmhithe intíre sonracha sna Ballstáit lena ngabhann dáileadh cothrom le linn thréimhse faireacháin na samplaí a thógtar, agus, a mhéid is féidir, randamú na laethanta samplála gach mí. Tógtar na samplaí ó ainmhithe sláintiúla a shamplálfar ó aonaid eipidéimeolaíoch a roghnófar go randamach. Is í an ealta a bheidh san aonad eipidéimeolaíoch le haghaidh sicíní grisce agus turcaithe lena ramhrú. Is í baic an mharaithe a bheidh san aonad eipidéimeolaíoch le haghaidh muca lena ramhrú agus bó-ainmhithe faoi bhun aon bhliain d’aois.

Ní thógtar ach sampla amháin ón gcaochán ón aonad eipidéimeolaíoch céanna in aghaidh na bliana. Tógtar gach sampla ón gcaochán ó chonabhlach amháin a roghnófar go randamach ón aonad eipidéimeolaíoch. Mar sin féin, i gcás sicíní grisce, tiocfaidh gach sampla ón gcaochán ó dheich gconabhlach a roghnófar go randamach ón aonad eipidéimeolaíoch.

Tógtar fiche sampla sróine in aghaidh na bliana ó fhiche muc difriúil a roghnófar go randamach ón aonad eipidéimeolaíoch céanna. Comhthiomsaítear na samplaí sin i gceithre ghrúpa ilchodacha de chúig shampla. Má tá níos lú ná fiche muc san aonad eipidéimeolaíoch, samplálfar muca uile an aonaid eipidéimeolaíoch sin, agus comhthiomsófar na samplaí a thagann as sin chomh cothrom agus is féidir chun na ceithre ghrúpa ilchodacha de shamplaí a chruthú. Tógtar na samplaí tar éis stiúdadh na muc ach roimh scalladh na gconabhlach.

Beidh an líon samplaí a bhailítear in aghaidh an tseamlais comhréireach le tréchur gach seamlais a chumhdaítear leis an bplean samplála.

(b) *Méid samplála:*

Chun tástáil ar shoghábhlacht frithmhiocróbán a dhéanamh ar an líon íosta aonraíoch baictéarach dá dtagraítear i bpointe 4.1, tógfaidh na Ballstáit líon leordhóthanach samplaí dá dtagraítear i bpointe 1(a)(ii) agus (iii), pointe 1(b) agus pointe 1(c)(i) go (iv) gach bliain trí leitheadúlacht mheasta na speiceas baictéarach a ndéantar faireachán orthu sa daonra ainmhíoch faoi bhreathnú a chur san áireamh.

<sup>(1)</sup> <https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/6364>

<sup>(2)</sup> <https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/7620>

De mhaolú ar an gcéad mhír den phointe seo, i gcás inarb eol go bhfuil leitheadúlacht an speicis bhaictéaraigh a ndéantar faireachán air níos lú nó cothrom le 30 % sa daonra ainmhithe faoi bhreathnú nó i gcás nach eol an leitheadúlacht sin sa chéad bhliain den fhaireachán nó nuair nach bhfuil an líon aonad eipidéimeolaíoch atá ar fáil le haghaidh samplála leordhóthanach chun athshampláil na n-aonad céanna a chosc, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan ach 300 sampla a thógáil gach bliain. Is féidir an uimhir bhliantúil sin a laghdú a thuilleadh go dtí 150 le haghaidh gach teaglana sonraí d'aonraigh bhaictéaraigh/daonraí ainmhithe i gcás ina dtáirgeann na Ballstáit níos lú ná 100 000 tona d'fheoil sicíní grísce, níos lú ná 100 000 tona d'fheoil turcaí, níos lú ná 100 000 tona de mhuciceoil nó níos lú ná 50 000 tona de mhairteoil ar bhonn náisiúnta in aghaidh na bliana. Na Ballstáit atá ag baint úsáid as an bhféidearthacht teorainn a chur leis an líon bliantúil samplaí, bunóidh siad a gcinneadh ar fhianaise dhoiciméadaithe, amhail torthaí suirbhéanna, agus cuirfidh siad an fhianaise sin faoi bhráid an Choimisiúin sula gcuirfidh siad an tsampláil laghdaithe chun feidhme den chéad uair.

Tógfaidh na Ballstáit ar a laghad 300 sampla in aghaidh na bliana ó gach daonra ainmhithe dá dtagraítear i bpointí 1(d)(i) go dtí (iv). De mhaolú ar an gceanglas sin, i gcás ina dtáirgeann na Ballstáit níos lú ná 100 000 tona d'fheoil sicíní grísce, níos lú ná 100 000 tona d'fheoil turcaí, níos lú ná 100 000 tona de mhuciceoil nó níos lú ná 50 000 tona de mhairteoil ar bhonn náisiúnta in aghaidh na bliana, féadfaidh siad a chinneadh íosmhéid 150 sampla a thógáil in ionad 300 sampla i gcás gach daonra ainmhithe shonraigh faoi bhreathnú.

Samplálfaidh na Ballstáit a ndóthain aonaid eipidéimeolaíocha gach bliain ón daonra ainmhithe dá dtagraítear i bpointe 1(f) chun meastachán cruinn a dhéanamh ar leitheadúlacht MRSA i ndaonra muc lena ramhrú an Bhallstáit. Chuige sin, úsáidfidh siad na foirmlí ríomha le haghaidh líon baisceanna an mharaithe atá le sampláil dá dtagraítear i sonraíochtaí teicniúla an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia maidir le suirbhé bonnlíne ar leitheadúlacht *Staphylococcus aureus* frithsheasmhaigh in aghaidh meiticilline (MRSA) i muca <sup>(?)</sup>;

4. i bpointe 4.1, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘I gcás MRSA:

— Suas le 208 n-aonraíoch a fhaightear ó shamplaí dá dtagraítear i bpointe 1(f) agus a dheimhnítear i gcomhréir le pointe 5a.’;

5. leasaítear pointe 4.2 mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘Úsáidfidh na Ballstáit scoithluachanna eipidéimeolaíocha agus na raonta tiúchana a leagtar amach i dTáblaí 2, 3, 4 agus 4a chun soghabháltacht i leith ábhar frithmhiocróbach a chinneadh maidir le *Salmonella* spp., *C. coli*, *C. jejuni*, *E. coli* comhthíosach tásach, *E. faecalis*, *E. faecium* agus MRSA.’;

b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh an tríú mír:

‘Chun faireachán sonrach a dhéanamh ar MRSA, úsáidfidh na Ballstáit na modhanna dá dtagraítear i bpointe 5a.’;

c) cuirtear an Tábla 4a seo a leanas isteach i ndiaidh Thábla 4:

‘Tábla 4a

**Painéal na n-oibreán frithmhiocróbach a áireofar i bhfaireachán FSFM, Tairseacha an Choiste Eorpaigh um Thástáil Soghabháltachta i leith Ábhar Frithmhiocróbach maidir le frithsheasmhacht agus raonta tiúchana a dhéanfar a thástáil in *Staphylococcus aureus***

Oibreán frithmhiocróbach	Aicme oibreán fhrithmhiocróbaigh	Tairseacha léiriúcháin FSFM (mg/L)		Raon Tiúchana (mg/L) (An líon log idir lúibíní)
		Scoithluach eipidéimeolaíoch 2022	Brisphointe cliniciúil 2022	
Ceafocsaitin	Ceafaimícín	>4	>4*	0,5-16 (6)
Clóramfeineacól	Feineacól	>16	>8	4-64 (5)

(?) <https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/7620>

Ciopróflocaicin	Fluaracuineolón	>2	>1	0,25-8 (6)
Cliondaimícín	Linceasaimíd	>0,25	>0,25	0,125-4 (6)
Eiritrimícín	Macrailíd	>1	>1	0,25-8 (6)
Geantaimícín	Aimíniglicóisíd	>2	>2	0,5-16 (6)
Líneasóilid	Ocsasóilidhéalón	>4	>4	1-8 (4)
Múipiricin	Aigéad carbocsaileach	>1	Ní bhaineann le hábhar	0,5-2 + 256 (4)
Cuinipristin/ Dalfaipristin	Streipteagraimin	>1	>2	0,5-4 (4)
Sulfaimeatocsasól	Freasaitheach na conaire fólaíte	>128	Ní bhaineann le hábhar	64-512 (4)
Teitriciglín	Teitriciglín	>1	>2	0,5-16 (6)
Tiamúilín	Pleoramútailín	>2	Ní bhaineann le hábhar	0,5-4 (4)
Trímheitiprim	Freasaitheach na conaire fólaíte	>2	>4	1-16 (5)
Vancaimícín	Glicipeiptíd	>2	>2	1-8 (4)*

Ní bhaineann le hábhar : níl sé ar fáil, \*: Ní thugann an Coiste Eorpach um Thástáil Soghabháilachta i leith Ábhar Frithmhiocróbach mar bhrisphointe cliniciúil é

#### 6. cuirtear an pointe 5a seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5:

##### ‘5a. Faireachán sonracha a dhéanamh ar MRSA

Chun MRSA a bhrath i samplaí sróine a bhailítear i gcomhréir le pointe 1(f), úsáidfidh na saotharlanna dá dtagraítear in Airteagal 3(2) modhanna deimhniúcháin aonraithe agus modhanna deimhniúcháin atá bunaithe ar imoibriú slabhrúil polaiméaraíse (ISP) <sup>(4)</sup> dá dtagraítear i sonraíochtaí teicniúla an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia le haghaidh suirbhé bonnlíne ar leitheadúlacht *Staphylococcus aureus* fhrithsheasmhaigh in aghaidh meiticilline (MRSA) i muca <sup>(5)</sup> agus mar a shonraítear i bprótacail Shaotharlann tagartha an Chomhphobail le haghaidh FSFM <sup>(6)</sup>.

Chun aonraigh toimhde MRSA a dheimhniú, féadfaidh na saotharlanna a chinneadh go n-úsáidfeadh modh seicheamaithe géanóim iomláin (WGS) a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le prótacail Shaotharlann tagartha an Aontais maidir le FSFM in ionad an mhodha deimhniúcháin atá bunaithe ar ISP <sup>(7)</sup>.

Na haonraigh MRSA dheimhnithe uile, lena ngabhann 208 n-aonraíoch ar a mhéid agus a shaináithnítear trí bhíthin an mhodha atá bunaithe ar ISP nó an mhodha WGS, déanfar iad a thástáil le painéal na n-oibreán frithmhiocróbach i gcomhréir le Tábla 4a. Ní dhéanfar níos mó ná aonraíoch eipidéimeolaíoch amháin a thástáil in aghaidh an aonaid eipidéimeolaíoch. Aonraigh MRSA arna ndeimhniú leis an modh atá bunaithe ar ISP agus nach mbaineann le coimpléasc clónach 398, déanfar iad a thástáil leis an modh WGS a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le prótacail Shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le FSFM <sup>(8)</sup>. Déanfar fiche faoin gcéad d’aonraigh MRSA arna ndeimhniú leis an modh atá bunaithe ar ISP agus a bhaineann le coimpléasc clónach 398 a thástáil leis an modh WGS, agus déanfar fiche aonraíoch ar a mhéad a thástáil.’

<sup>(4)</sup> Modh atá bunaithe ar mheasúnachtaí imoibríthe shlabhrúil polaiméaraíse (ISP)

<sup>(5)</sup> <https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/7620>

<sup>(6)</sup> <https://www.eurl-ar.eu/protocols.aspx>

<sup>(7)</sup> <https://www.eurl-ar.eu/protocols.aspx>

<sup>(8)</sup> <https://www.eurl-ar.eu/protocols.aspx>

# MOLTAÍ

## MOLADH (AE) 2023/1018 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Bealtaine 2023

maidir le píoráideacht ar líne a chomhrac i dtaobh imeachtaí spóirt agus imeachtaí beo eile

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cuidíonn imeachtaí spóirt agus imeachtaí beo eile ar nós ceolchoirmeacha le saol cultúrtha Eorpach éagsúil a chothú. Tá ról tábhachtach acu freisin maidir le saoránaigh a thabhairt le chéile agus muintearas pobail a chothú. Bíonn gá le hinfheistíochtaí suntasacha chun imeachtaí den sórt sin a eagrú agus chun iad a tharchur go beo agus a atarchur agus rannchuidíonn siad le fás eacnamaíoch agus le cruthú post san Aontas.
- (2) Mar a luaitear i rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2021 maidir leis na dúshláin a bhaineann le heagraithe imeachtaí spóirt sa timpeallacht dhigiteach<sup>(1)</sup> agus mar is léir ó staidéir a rinneadh le déanaí<sup>(2)</sup>, baineann príomhluach an chuid is mó d'imeachtaí spóirt beo le dúshaothrú le linn an tarchuir bheo agus críochnaíonn sé nuair a thagann deireadh leis an imeacht. Dá bhrí sin, is féidir le hatarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí spóirt beo bheith ina chúis le caillteanas suntasach ioncaim d'eagraithe imeachtaí spóirt agus do chraoltóirí araon agus ar an gcaoi sin an bonn a bhaint d'inmharthanacht na seirbhísí a thairgeann siad. Leag Parlaimint na hEorpa béim ar an ngá atá le leigheasanna éifeachtúla le haghaidh imeachtaí spóirt beo, agus thug sí dá haire freisin gur cheart d'eagraithe imeachtaí spóirt cur le samhail spóirt Eorpach a rannchuideodh le forbairt spóirt agus a bheadh i gcomhréir le cuspóirí sóisialta agus oideachais. Is obair leantach é an Moladh seo ar an réiteach sin agus moltar ann bearta ar cheart na Ballstáit agus na gníomhaithe margaidh a spreagadh iad a dhéanamh.
- (3) Ba cheart breithniú den chineál céanna a dhéanamh ar tharchur beo imeachtaí eile a spreagann, mar gheall ar a sainiúlacht, an spéis is mó sa lucht féachana, agus a ghineann tromlach a luacha le linn a dtarchur beo. Baineann sé sin, mar shampla, le tarchur beo imeachtaí cultúrtha ar nós ceolchoirmeacha, ceoldrámaí, ceolseónna, taibhléiríthe amharclannaíochta, nó seónna cluichí. Áirítear leis an díobháil eacnamaíoch a dhéantar de bharr píoráideacht i dtaobh imeachtaí beo cailiúint táillí sintiúis úsáideoirí, díolacháin ticéad isteach agus ioncam fógraíochta, rud a dhéanann difear do na geallsealbhóirí uile a rannchuidíonn le slabhra luacha an imeachta bheo.
- (4) Tarlaíonn píoráideacht trí mhodhanna a bhíonn ag éirí níos sofaisticiúla chun atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí beo a chur ar fáil d'úsáideoirí ar líne trí sheirbhísí éagsúla, ar nós IPTV, aipeanna nó suíomhanna gréasáin neamhdhleathacha. Meastar gurbh fhiú EUR 522 mhilliún in 2019 an t-ioncam a d'eascair as píoráideacht ar líne i dtaobh imeachtaí spóirt, gan ach samhla gnó neamhdhleathacha a bhíonn ag brath ar tháillí sintiúis úsáideoirí a chur san áireamh<sup>(3)</sup>. Is feiniméan domhanda é, ina ndéanann seirbhísí bradacha imeachtaí beo a shruthú trí úsáid a bhaint as cuideachtaí óstála 'amach ón gcósta' ar bhonn níos minice ná riamh chun rochtain a fháil ar úsáideoirí san Aontas agus, ag an am céanna, an neamhchosaint ar dhlí an chóipchirt nó ar an dlí coiriúil a íoslaghdú<sup>(4)</sup>. Le blianta beaga anuas, forbraíodh seirbhís tacaíochta píoráideachta de chineál nua, dá ngairtear 'Píoráideacht-mar-Sheirbhís' trína soláthraítear sraith seirbhísí réamhdhéanta a fhágann go mbíonn sé éasca oibríocht bhradach lánfheidhmiúil a

<sup>(1)</sup> P9\_TA(2021)0236.

<sup>(2)</sup> Dúshláin roimh eagraithe imeachtaí spóirt sa timpeallacht dhigiteach. Measúnú breisluacha Eorpaigh, Seirbhís Taighde Parlaimint na hEorpa, Nollaig 2020. IPTV neamhdhleathach san Aontas Eorpach. Tuarascáil maidir le hanailís eacnamaíoch, dlíthiúil agus theicniúil, EUIPO, Iúil 2019. Píoráideacht i dtaobh imeacht beo. Dúshláin agus dea-chleachtas ó idirghabhálaithe ar líne chun cosc a chur ar úsáid a gcuid seirbhísí le haghaidh píoráideacht i dtaobh imeachtaí beo, EUIPO, Márta 2023.

<sup>(3)</sup> Dúshláin roimh eagraithe imeachtaí spóirt sa timpeallacht dhigiteach. Measúnú breisluacha Eorpaigh, Seirbhís Taighde Parlaimint na hEorpa, Nollaig 2020.

<sup>(4)</sup> Píoráideacht i dtaobh imeacht beo. Dúshláin agus dea-chleachtas ó idirghabhálaithe ar líne chun cosc a chur ar úsáid a gcuid seirbhísí le haghaidh píoráideacht i dtaobh imeacht beo, EUIPO, Márta 2023.

chruthú, a oibriú, agus luach airgid a chur ar uirthi. I gcásanna áirithe, bíonn cuma seirbhísí sruthaithe dlisteanacha ar na seirbhísí sáraitheacha sin. Ina theannta sin, d'fhorbair oibreoirí a chuireann atarchur neamhúdraithe ar fáil straitéisí athléimneachta chun dul timpeall ar bhearta forfheidhmiúcháin. Is gá, dá bhrí sin, faireachán cúramach a dhéanamh, agus na hathruithe teicneolaíocha agus samhlacha nua gnó á gcur san áireamh go háirithe, ar fhorbairt cineálacha nua straitéisí píoráideachta agus athléimneachta, ar straitéisí iad a d'fhéadfadh tionchar a imirt freisin ar chineálacha eile ábhair agus difear a dhéanamh do chumas sealbhóirí ceart a gcearta a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

- (5) Tosaíonn atarchur ar líne neamhúdraithe ar imeachtaí beo le hidircheapadh agus gabháil aindleathach an réamhchraolacháin nó an chomhartha craolacháin agus cuirtear ar aghaidh é ansin trí sholáthraithe éagsúla seirbhísí idirghabhálacha lena sheachadadh d'úsáideoirí deiridh trí chomhéadain éagsúla (láithreáin ghréasáin, aipeanna, IPTV). Is féidir soláthraithe seirbhíse a thairgeann réitigh ardfeidhmíochta a úsáid le haghaidh atarchur neamhúdraithe, mar shampla soláthraithe freastalaí tiomnaithe. Ina theannta sin, féadfaidh oibreoirí atarchuir neamhúdraithe mí-úsáid a bhaint as seirbhísí a bhíonn réamhtheachtach sa slabhra tarchuir ar nós líonraí seachadta ábhair nó ais-seachfhreastalaithe chun atarchur den sórt sin a sheachadadh nó chun foinse na n-atarchur neamhúdraithe a dhoiléiriú. Ina theannta sin, is iad soláthraithe rochtana idirlín a bhíonn iartheachtach sa slabhra tarchuir a chuireann nascacht idirlín ar fáil d'úsáideoirí deiridh agus a fheidhmíonn mar thairseach chuig gach ábhar atá ar fáil ar líne.
- (6) I bhfianaise struchtúr an idirlín, ról faoi seach na gcineálacha éagsúla seirbhísí idirghabhálacha, agus na modhanna teicneolaíocha atá ar fáil dóibh, is féidir ról ríthábhachtach a bheith acu maidir le cúnaimh a thabhairt do shealbhóirí ceart agus d'údarás náisiúnta rochtain ar atarchur neamhúdraithe ar imeachtaí beo a bhaint nó a dhíchumasú. Dá bhrí sin, is gá réitigh éifeachtacha a shainaithint, réitigh atá curtha in oiriúint d'fheidhmeanna faoi seach na gcineálacha éagsúla soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha, i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe leis na hoibleagáidí éagsúla is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha faoi Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup>, chun go mbeidh siad in ann rochtain ar atarchur neamhúdraithe ar imeachtaí beo a bhaint nó a dhíchumasú go gasta.
- (7) Foráiltear cheana féin i ndlí an Aontais maidir le huirlisí éagsúla chun atarchur neamhúdraithe ar ábhar a chomhrac, ábhar atá faoi chosaint cóipchirt agus ceart gaolmhar. Go háirithe, de bhun Airteagal 8(3) de Threoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup> agus Airteagal 9 agus 11 de Threoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(7)</sup>, is féidir le sealbhóirí ceart urghairí a iarraidh in aghaidh sáraitheoirí nó idirghabhálaithe a mbaineann tríú páirtí úsáid as a gcuid seirbhísí chun cóipcheart nó ceart gaolmhar a shárú. Ina theannta sin, déantar foráil i Rialachán (AE) 2022/2065 maidir le creat ginearálta chun timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaoifa ar líne a áirithiú, lena dtugtar aghaidh ar ábhar neamhdhleathach a scaipeadh ar líne. Comhchuibhítear leis na rialacha maidir le sásraí fógra agus gníomhaíochta agus déantar cuíchóiriú ar phróiseáil na bhfógraí a sheoltar chuig soláthraithe seirbhísí óstála. Déanta na fírinne, braitheann cur chun feidhme na leigheasanna atá ar fáil ar nádúr na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha. I gcás seirbhísí idirghabhálacha áirithe, ar nós soláthraithe seirbhísí óstála, is féidir beart a dhéanamh chun rochtain ar an ábhar neamhdhleathach arna óstáil acu a bhaint nó a dhíchumasú ach fógra a fháil, ach níl oibleagáid ar sheirbhísí eile, ar nós soláthraithe rochtana idirlín, gan dochar d'aon ghníomhaíocht dheonach bhreise, gníomhú ar bhonn urghaire a dheonaíonn údarás breithiúnach nó riaracháin chun rochtain úsáideoirí deiridh ar ábhar sáraitheach a chosc.
- (8) Mar sin, níl imeachtaí spóirt faoi chosaint cóipchirt agus ceart gaolmhar. Ní aithnítear eagraithe imeachtaí spóirt mar shealbhóirí ceart faoi dhlí cóipchirt an Aontais agus dá réir sin, i bprionsabal, ní fhéadfaidís leas a bhaint as na cearta agus na leigheasanna atá ann faoi dlí maoinne intleachtúla an Aontais, go háirithe faoi Threoir 2004/48/CE, ach amháin má tá na cearta acu ar bhonn conarthach ó shealbhóirí eile ceart nó má bhaineann siad tairbhe as ceart maoinne intleachtúla a dheonaítear faoin dlí náisiúnta.

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

<sup>(6)</sup> Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise (IO L 167, 22.6.2001, lch. 10).

<sup>(7)</sup> Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú (IO L 157, 30.4.2004, lch. 45).



- (9) Féadfaidh eagraithe imeachtaí spóirt leas a bhaint as cosaint shonrach a dheonaítear faoin dlí náisiúnta i mBallstáit áirithe. Aithníodh i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhféadfadh na Ballstáit imeachtaí spóirt a chosaint ar an leibhéal náisiúnta, i gcás inarb iomchuí de bhua cosaint maoine intleachtúla. I mBallstáit áirithe, tá rochtain ag eagraithe imeachtaí spóirt, in éineacht le heagraíochtaí craoltóireachta, ar leigheasanna a chuireann ar a gcumas gníomhú i ndáil le hatarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí spóirt beo.
- (10) Go háirithe, tá cearta éagsúla ag eagraíochtaí craoltóireachta faoi dhlí an Aontais a d'fhéadfadh ligean dóibh gníomhú in aghaidh atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí spóirt beo.
- (11) In éagmais cearta agus leigheasanna sonracha ar leibhéal an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le himeachtaí spóirt, is minic a bhíonn sé deacair d'eagraithe imeachtaí spóirt gníomhú go tráthúil in aghaidh atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí spóirt beo. Chun cailliúint luacha ar tharchur beo imeachtaí spóirt a chosc, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun rochtain eagraithe imeachtaí spóirt ar leigheasanna a áirithiú, leigheasanna a ligfeadh dóibh díchumasú rochtana ar atarchur neamhúdaraíthe a iarraidh go han-ghasta. I gcásanna áirithe, áfach, baineann eagraithe imeachtaí spóirt tairbhe freisin as na cearta agus na leigheasanna a leagtar síos i dTreoir 2004/48/CE toisc gur deonaíodh cearta maoine intleachtúla dóibh faoin dlí náisiúnta. I gcásanna den sórt sin moltar do na Ballstáit a mheas ar cheart feidhm a bheith ag na moltaí maidir le hatarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí spóirt beo agus a mhéid ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na heagraithe imeachtaí spóirt sin.
- (12) Cosnaítear tarchur beo imeachtaí seachas imeachtaí spóirt go ginearálta le cóipcheart agus cearta gaolmhara arna ndeonú faoi dhlí an Aontais d'údair, taibheoirí, táirgeoirí fónagram, léiritheoirí scannán agus eagraíochtaí craoltóireachta. I gcás ina sárófar na cearta sin, is féidir le sealbhóirí ceart brath cheana féin ar na leigheasanna dá bhforáiltear i dTreoir 2001/29/CE, i dTreoir 2004/48/CE agus i Rialachán (AE) 2022/2065. Baineann sé sin freisin le heagraithe imeachtaí spóirt a dtugtar cearta maoine intleachtúla dóibh faoin dlí náisiúnta. Tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil foráil sna leigheasanna atá ar fáil do shealbhóirí ceart gníomhaíocht a dhéanamh go pras, lena gcuirtear san áireamh nádúr sonracha tarchuir bheo imeachta, go háirithe gné atá íogair ó thaobh ama de.
- (13) Is é cuspóir an Mholta seo píoráideacht ar líne a chomhrac i dtaobh imeachtaí spóirt agus imeachtaí beo eile. Dá bhrí sin, maidir le himeachtaí beo spóirt, is gá na Ballstáit agus na geallsealbhóirí ábhartha uile a spreagadh chun bearta éifeachtacha a dhéanamh in aghaidh atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí spóirt beo, agus ag an am céanna na coimiric is gá a ráthú chun cearta bunúsacha a chosaint.
- (14) Maidir le himeachtaí beo eile, ba cheart na Ballstáit agus na geallsealbhóirí a spreagadh chun na leigheasanna atá ann cheana in aghaidh sárúithe ar chóipcheart a chur i bhfeidhm ar bhealach ina gcuirtear sainiúlacht na dtarchur beo san áireamh.
- (15) Is gá comhoibriú a chothú idir eagraithe imeachtaí spóirt, sealbhóirí ceart, soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha agus údaráis phoiblí.
- (16) Níor cheart feidhm a bheith ag an Moladh seo maidir le haon úsáid dhlísteanach ábhair. Go háirithe, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí beo agus aon úsáid a bhaintear as ábhar atá cosanta le cóipcheart agus le cearta gaolmhara i gcomhréir le haon teorainn nó eisceacht dá bhforáiltear faoi Threoir 2001/29/CE nó Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(8)</sup>, ar nós gearrthóga fuaime nó físeán arna gcomhroinnt idir dhaoine agus ag daoine sa lucht féachana ar imeacht beo nó arna gcomhroinnt ag iriseoirí chun an pobal a gcoitinne a chur ar an eolas, lena n-áirítear é a chur ar an eolas san fhíor-am. Ina theannta sin, níl feidhm ag an Moladh seo maidir leis na tuairiscí gearra nuachta arna n-ullmhú ag eagraíochtaí craoltóireachta i gcomhréir le hAirteagal 15 de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(9)</sup>, mar shampla trína bheith ag brath ar shleachta gearra arna roghnú ó chomhartha ó eagraíocht chraoltóireachta a dhéanann tarchur ar bhonn eisiach.

<sup>(8)</sup> Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach (IO L 130, 17.5.2019, lch. 92).

<sup>(9)</sup> Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán ciosamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Ciosamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

- (17) Áirítear i Rialachán (AE) 2022/2065 rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí idirghabhálacha sa mhargadh inmheánach atá ábhartha i gcás atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí beo. Go háirithe, tugtar isteach le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2022/2065 rialacha comhchuibhithe maidir le ‘fógra agus gníomh’ do sholáthraithe seirbhísí óstála chun foráil a dhéanamh maidir le próiseáil thráthúil agus dícheallach fógraí a bhaineann le hábhar neamhdhleathach. Sonraítear in Aithris 52 den Rialachán sin gur cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála gníomhú de réir fógraí ar bhealach tráthúil, go háirithe, tríd an gcineál ábhair neamhdhleathaigh a bhfuiltear á fhógairt agus an phráinn a bhaineann le beart a dhéanamh ina leith a chur san áireamh.
- (18) I bhfianaise nádúr sonracha na n-imeachtaí beo, tá sé ríthábhachtach go ngníomhódh soláthraithe seirbhísí óstála go práinneach i ndiaidh dóibh fógra a fháil chun féachaint leis an dochar a dhéanann an t-atarchur neamhúdaraíthe a íoslaghdú.
- (19) Le Rialachán (AE) 2022/2065 forchuirtear oibleagáidí breise ar ardáin ar líne freisin na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar tosaíocht d’fhógraí arna gcur isteach ag comharthóirí iontaofa agus go ndéanfar iad a phróiseáil agus a chinneadh gan moill mhíchúí. Ní chumhdaítear soláthraithe eile seirbhísí óstála leis na hoibleagáidí sin; tá an sásra sin úsáideach, áfach, chun dlús a chur le próiseáil fógraí maidir le himeachtaí beo. Dá bhrí sin, is iomchuí a mholadh do sholáthraithe seirbhísí óstála, seachas d’ardáin ar líne, tosaíocht a thabhairt d’fhógraí arna gcur isteach ag comharthóirí iontaofa le go ngníomhódís go práinneach agus imeacht beo á tharchur. Ba cheart cás sonracha na micrifhiontar nó na bhfiontar beag a chur san áireamh sa chomhthéacs sin.
- (20) Ina theannta sin, tá réitigh theicniúla á bhforbairt ag soláthraithe seirbhísí óstála áirithe le tamall a ligeann do shealbhóirí cearta, trí chomhéadan tiomnaithe ríomhchláráithe feidhmchlár, fógra a thabhairt, lena n-áirítear fógra a thabhairt san fhíor-am, maidir le húsáidí neamhúdaraíthe a n-ábhair, agus a chuireann dlús breise le próiseáil na bhfógraí sin. Le Rialachán (AE) 2022/2065, iarrtar ar an gCoimisiún forbairt agus cur chun feidhme caighdeán deonach a thacú agus a chur chun cinn i ndáil le tíolacadh leictreonach fógraí ag comharthóirí iontaofa, lena n-áirítear trí chomhéadain ríomhchláráithe feidhmchlár. Ba cheart forbairt agus úsáid réiteach teicniúil den sórt sin ag idirghabhálaithe, seachas ardáin ar líne, a spreagadh freisin, ar choinníoll go ndéantar sásra sásaimh a ionchorprú ann.
- (21) Tá bealaí éagsúla ann chun an comhartha craolacháin a chriptiú nó a mharcáil, lena n-áirítear comharthaíocht uisce fhóiréinseach, d’fhonn é a chosaint ar úsáidí neamhúdaraíthe. Ba cheart do shealbhóirí cearta an leas is fearr a bhaint as na réitigh sin, rud a chuideodh le foinse atarchuir neamhúdaraíthe a shainaitheant go tapa agus go beacht.
- (22) Is minic go bhféadfadh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a bhíonn á gcur ar fáil go réamhtheachtach sa bhonneagar idirlín ar nós líonraí seachadta ábhair nó ais-seachfhreastalaithe a bheith ar na haon seirbhísí ar féidir le sealbhóirí cearta iad a shainaitheant i gcás nuair a bhraitheann siad atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí beo. Sa mhéid nach cuireann siad seirbhísí óstála ar fáil, níl rialacha maidir le fógraí infheidhme maidir leo. Mar sin féin, ceadaíonn roinnt soláthraithe fógraí agus cuireann siad le sainaitheant na seoltaí IP a úsáideann oibreoirí bradacha, agus ar an gcaoi sin tá ról tábhachtach acu maidir le hataarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí beo a chomhrac. Dá bhrí sin, ba cheart iad a spreagadh chun tacú le sealbhóirí cearta agus le soláthraithe seirbhísí óstála agus faisnéis a chomhroinnt leo maidir le sainaitheant fhoinsí na n-atarchur neamhúdaraíthe, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, seoladh IP tionscnaimh na bhfreastalaithe. Ba cheart dóibh freisin beartas láidir a chur i bhfeidhm in aghaidh mhí-úsáid a gcuid seirbhísí, mar shampla tríd an bhféidearthacht a sholáthar ina dtéarmaí agus coinníollacha a seirbhísí a chur ar fionraí d’oibreoirí bradacha a chuireann atarchur neamhúdaraíthe ar fáil go minic. Ba cheart feidhm a bheith ag na cleachtais sin freisin maidir le seirbhísí a chuireann réitigh ardfheidhmíochta ar fáil, go háirithe soláthraithe freastalaithe tiomnaithe a mbaintear mí-úsáid astu de ghnáth chun atarchur neamhúdaraíthe a sheachadadh.
- (23) Le Treoir 2001/29/CE agus Treoir 2004/48/CE tugtar an deis do shealbhóirí cearta urghaire a lorg in aghaidh soláthraí seirbhíse idirghabhálaí a bhfuil a chuid seirbhísí á n-úsáid ag tríú páirtí chun cearta maoinne intleachtúla na sealbhóirí cearta a sháru. In 2017, d’eisigh an Coimisiún an Teachtaireacht ‘Treoir maidir le gnéithe áirithe de Threoir 2004/48/CE’<sup>(10)</sup> ina sonraítear go bhféadfadh sé a bheith iomchuí i gcásanna áirithe go n-éileodh leis an urghaire sin ar sholáthraí na seirbhíse idirghabhálaí rochtain ar ábhar neamhdhleathach a bhaint anuas nó a dhíchumasú. I gcásanna ina dtarlaíonn sárúithe ar mhórsála nó sárúithe ar bhealach struchtúrach, tugadh le fios sa

<sup>(10)</sup> COM (2017) 708 final (an ‘Treoir’).

treoir go bhféadfadh sé a bheith comhréireach, bunaithe ar anailís cás ar chás, a éileamh go mblocálfai rochtain ar shuíomh gréasáin iomlán. I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, cuirtear i bhfios go láidir sa treoir, faoi réir coimircí áirithe, nach gá cur síos sainráite a bheith san urghaire, cur síos sainráite ar na bearta is gá do na soláthraithe a dhéanamh chun an toradh atá ag teastáil a bhaint amach. Mar sin féin, ní dhéantar foráil i ndlí an Aontais maidir le rialacha i ndáil le gnéithe sonracha urghaire agus níl rialacha sainráite ann a bhaineann le tarchur beo.

- (24) Féadfar bearta teicniúla éagsúla a úsáid chun urghairí blocála a chur chun feidhme agus rochtain úsáideoirí deiridh ar an atarchur neamhúdaraíthe a chosc, mar shampla rochtain a chosc trí Chóras Ainmneacha Fearainn (DNS) nó IP a bhlocáil.
- (25) Ina theannta sin, i gcomhréir leis an Treoir, is féidir le hurghairí dinimiciúla lena gcumhdaítear suíomhanna idirlín nua ina mbeadh an t-atarchur neamhúdaraíthe ar fáil díreach tar éis an urghaire a eisiúint, a bheith ina modh éifeachtach chun cosc a chur ar leanúint de hatarchur neamhúdaraíthe ar choinníoll go soláthraítear coimircí riachtanacha. Is leigheas úsáideach iad urghairí den sórt sin chun dul i ngleic leis na straitéisí athléimneachta arna bhforbairt ag seirbhísí bradacha, mar shampla suíomhanna scáthánaithe a chur ar bun faoi ainmneacha fearainn éagsúla nó aistriú chuig seoltaí IP éagsúla, cuir i gcás, chun dul timpeall ar bhearta blocála.
- (26) Go dtí seo, ní raibh urghairí dinimiciúla ar fáil ach i roinnt Ballstát <sup>(11)</sup>. Ceachtar de chúirteanna nó d'údaráis riaracháin áirithe a bhfuil sé de chumhacht acu bearta blocála nó asbhainte a ordú *ex officio* nó bearta blocála nó asbhainte a ordú tar éis gearáin a bheith déanta, ceachtar acu siúd a dheonaíonn urghairí. Tá an cineál sin urghaire oiriúnaithe go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí beo.
- (27) Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh eagraíthe imeachtaí spóirt, fiú mura n-aithnítear iad mar shealbhóirí cirt faoi dhlí an Aontais, in ann urghairí a lorg chun atarchur neamhúdaraíthe ar imeacht spóirt beo a chosc agus chun toirmeasc a chur ar leanúint de hatarchur neamhúdaraíthe den sórt sin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Urghairí a thugann aghaidh ar imeachtaí spóirt beo, tá sé tábhachtach freisin go mbeidís dinimiciúil, d'fhonn na seirbhísí bradacha breise a chumhdach, ar ghasacht leordhóthanach, ar seirbhísí gan aithint iad tráth na n-imeachtaí, lena dtugtar rochtain ar atarchur neamhúdaraíthe ar an imeacht spóirt beo céanna, ar choinníoll go gcuirtear na coimircí is gá i bhfeidhm.
- (28) Ós rud é gur minic a bhíonn an luach a chailltear le haghaidh cineálacha eile imeachtaí beo níos airde le linn an tarchuir bheo, bíonn sé chomh tábhachtach céanna infhaighteacht níos leithne urghairí dinimiciúla a spreagadh chun atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí den sórt sin a chosc.
- (29) Chun róbhocáil a chosc, ba cheart na suíomhanna idirlín breise a mbeadh feidhm ag urghairí dinimiciúla ina leith a shainaitheint i gceart. D'fhéadfaí roinnt féidearthachtaí a bheartú chun liosta na suíomhanna idirlín a chumhdaítear le hurghaire a thabhairt cothrom le dáta, ar nós modheolaíocht a chomhaontú mar chuid den urghaire, lena n-áireofaí modheolaíocht don chomhar idir sealbhóirí ceart agus seolaithe na n-urghairí, faoi réir rialú ag údarás breithiúnach.
- (30) Is iondúil go seoltar urghaire chuig soláthraithe rochtana Idirlín, toisc go mbíonn ról oiriúnach acu chun cosc a chur ar rochtain úsáideoirí deiridh ar sheirbhís ar leith a thairgeann atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí beo. Mar sin féin, d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint as soláthraithe eile seirbhísí idirghabhálacha chun atarchur neamhúdaraíthe a éascú nó chun teacht timpeall ar urghairí blocála. Mar shampla, féadfar líonraí seachadta ábhair agus ais-seachfhreastalaithe a úsáid chun tionscnamh an atarchuir neamhúdaraíthe a dhoiléiriú, agus is féidir taifeoirí malartacha DNS agus seachsheirbhísí eile ar nós Líonraí Príobháideacha Fíorúla (VPNanna) a úsáid chun rochtain ar sheirbhísí arna mblocáil a éascú. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha a mheas an bhféadfaidís bearta deonacha breise a dhéanamh chun mí-úsáid a gcuid seirbhísí a chosc. D'fhéadfaí bearta féintionscnaimh den sórt sin a phlé go háirithe i gcomhthéacs an fhaireacháin ar an Moladh seo a dhéanfaidh an Coimisiún le tacaíocht ón bhFaireachlann Eorpach um Shárúithe ar Chearta Maoine Intleachtúla arna hóstáil ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ('Faireachlann EUIPO').

<sup>(11)</sup> Staidéar ar urghairí blocála dinimiciúla san Aontas Eorpach, EUIPO, Márta 2021; Tuarascáil mhapála ar leigheasanna náisiúnta in aghaidh píoráideacht ar líne i dtaobh ábhar spóirt, an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc, Mí na Nollag 2021; Píoráideacht i dtaobh imeacht beo. Dúshlán agus dea-chleachtais ó idirghabhálaithe ar líne chun cosc a chur ar úsáid a gcuid seirbhísí le haghaidh píoráideacht imeachtaí beo, EUIPO, Márta 2023.

- (31) Is féidir le gníomhaithe margaidh eile ar nós soláthraithe fógraíochta, chomh maith le soláthraithe seirbhísí focaíochta, trína n-oibleagáidí faoi chreat frithsciúrtha airgid an Aontais agus gníomhaíochtaí deonacha, cur leis an gcomhrac in aghaidh na píoráideachta ar líne. Chun bac a chur ar luach airgid seirbhísí bradacha, tá meabhrán tuisceana maidir le fógraíocht ar líne agus cearta maoinne intleachtúla á éascú ag an gCoimisiún. Geallann sínitheoirí an mheabhráin seo go deonach go laghdóidh siad an méid fógraíochta a chuirtear ar shuíomhanna gréasáin agus ar fheidhmchláir mhóibíleacha a sháraíonn cearta maoinne intleachtúla, lena n-áirítear cóipcheart. Ba cheart go ndéanfaí tuilleadh chun comhar den sórt sin a spreagadh lena áirithiú nach n-éascóidh na seirbhísí sin cur chun cinn agus feidhmiú oibreoirí a thugann rochtain ar atarchur neamhúdaráithe ar imeachtaí beo.
- (32) Chun aghaidh a thabhairt ar an bpíoráideacht ar bhealach iomlánaíoch, tá sé tábhachtach infhaighteacht, inacmhainneacht agus tarraingteacht tairiscintí tráchtála a mhéadú d'úsáideoirí deiridh chun rochtain a fháil ar tharchur nó ar atarchur imeachtaí beo. Maidir le himeachtaí a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo don tsochaí amhail Cluichí Oilimpeacha, Corn an Domhain sa sacar nó Craobhchomórtas Sacair na hEorpa, féadfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain leathan ag an bpobal ar chlúdach teilifíse i gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2010/13/AE.
- (33) Ina theannta sin, de réir staidéir a rinneadh le déanaí, mar thoradh ar inrochtaineacht agus infhaighteacht tairiscintí dlíthiúla ar phraghas iomaíoch, tá laghdú beag tagtha ar líon na n-úsáideoirí a thomhlaíonn ábhar bradach <sup>(12)</sup>. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach feachtas na n-úsáideoirí deiridh a ardú maidir le hinfaighteacht na tairisceana dlíthiúla. Mar shampla, nuair a bhíonn suíomh gréasáin blocáilte de bhun urghaire, áirithíonn Ballstáit áirithe go gcuirtear úsáideoirí a dhéanann iarracht rochtain a fháil air ar an eolas faoin mblocáil agus go dtugtar faisnéis dóibh faoi na foinsí inar féidir rochtain a fháil ar an ábhar go dleathach. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trí fhéachaint ar Thairseach Eorpach d'Ábhar Ar Líne, Agorateka, a d'fhorbair Faireachlann EUIPO, atá nasctha leis na tairseacha náisiúnta atá ann cheana.
- (34) Tá comhar trasteorann idir na Ballstáit tábhachtach chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr le feiniméan an atarchuir neamhúdaráithe ar imeachtaí beo, ar rud é a dhéantar, de réir nádúr an ghnímh, trasna teorainneacha. D'fhéadfadh malartú faisnéise maidir le seirbhísí atá faoi réir urghaire i mBallstát amháin a bheith ina chuidiú chun na húdaráis forfheidhmiúcháin i mBallstáit eile a chur ar an eolas, Ballstáit ina bhfuil na seirbhísí céanna ar fáil.
- (35) Cuirtear de chúram ar Faireachlann EUIPO le Rialachán (AE) Uimh. 386/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(13)</sup> sársaí a chur ar fáil a chuidíonn le feabhas a chur ar mhalartú faisnéise maidir le forfheidhmiú ceart maoinne intleachtúla idir údaráis na mBallstát agus comhar leis na húdaráis sin agus eatarthu a chothú. An comhar atá ann cheana arna éascú ag Faireachlann EUIPO i dtaobh na gcúrsaí sin, ba cheart é a fhorbairt le go mbeadh sé ina líonra tiomnaithe do na Ballstáit chun faisnéis a mhalartú go struchtúrach i ndáil le bearta, nósanna imeachta agus réitigh a chuirtear i bhfeidhm maidir le atarchur neamhúdaráithe ar imeachtaí spóir agus imeachtaí beo eile, lena n-áirítear faisnéis a mhalartú maidir le tionchar agus éifeachtúlacht na n-uirlisí forfheidhmiúcháin sin, agus maidir leis na dúshlán agus na dea-chleachtais sa réimse sin. Ba cheart go gceadóidh an líonra an t-idirphlé ar fud na mBallstát uile agus go n-áireofaí ann na húdaráis riaracháin a bhfuil cumhachtaí sonracha acu i ndáil le forfheidhmiú ceart maoinne intleachtúla atá ann i mBallstáit áirithe. Ba cheart go rannchuideodh an fhaisnéis a bhailítear faoin líonra le faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí an mholta.
- (36) Is bealach eile é chun forfheidhmiú níos éifeachtúla a bhaint amach feabhas, trí bhearta oiliúna iomchuí, a chur ar shaineolas na ndaoine a bhfuil baint acu le cearta a fhorfheidhmiú in aghaidh atarchur neamhúdaráithe ar imeachtaí beo. Ba cheart Faireachlann EUIPO a spreagadh chun gníomhaíochtaí tógála eolais a fhorbairt agus a eagrú do bhreithiúna náisiúnta agus d'údaráis forfheidhmiúcháin sa réimse sonrach sin.
- (37) Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhairéachán ar na gníomhaíochtaí a dhéantar i bhfianaise an Mholta seo, le tacaíocht ó Faireachlann EUIPO, trínar cheart saineolas teicniúil agus tacaíocht eagraíochtúil a chur ar fáil agus faireachán a dhéanamh ar an éabhlóid ar atarchur neamhúdaráithe ar imeachtaí beo sna Ballstáit. Chun an cúram sin a chur i gcrích, tá sé ríthábhachtach go roinnfidh na Ballstáit agus na geallsealbhóirí faisnéis ábhartha faoin obair leantach a

<sup>(12)</sup> Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Maoinne Intleachtúla, EUIPO agus Europol, Márta 2022.

<sup>(13)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 386/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2012 maidir le cúraimí a bhaineann le forfheidhmiú ceart maoinne intleachtúla, lena n-áirítear ionadaithe thar ceann na hearnála príobháidí agus na hearnála poiblí a thionól mar Faireachlann Eorpach um Shárúithe ar Chearta Maoinne Intleachtúla, a chur ar iontaoibh na hOifige um Chomhchuíbhí sa Mhargadh Inmheánach (Trádmharcanna agus Dearaí) (IO L 129, 16.5.2012, lch. 1).

dhéanfar ar an Moladh seo agus faoi líon na n-atarchur neamhúdaráithe ar imeachtaí beo. Ba cheart do gheallsealbhóirí faisnéis a chur ar fáil freisin maidir le héabhlóid tairiscintí dlíthiúla i dtaobh an ábhair a chumhdaítear leis an Moladh seo. Ar an mbonn sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na héifeachtaí a thugtar don Mholadh seo agus cinnífidh sé an bhfuil gá le céimeanna breise, lena n-áirítear céimeanna chun cosc a chur le scaipeadh neamhdhleathach cineálacha eile ábhair atá faoi chosaint cóipchirt.

- (38) Chun dul i muinín leigheasanna faoin Moladh seo, ní mór cothromaíocht chúí a dhéanamh idir cearta agus leasanna na ndaoine lena mbaineann na bearta, agus na cearta bunúsacha éagsúla agus comhréireacht na mbeart sin á gcur san áireamh in aon chás ar leith. Ba cheart spriocdhíríú docht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart sin agus níor cheart oibleagáidí iomarcacha a fhorchur ar idirghabhálaithe. Níor cheart faireachán ginearálta a bheith mar thoradh ar bhearta den sórt sin.
- (39) Chun a áirithiú go dtabharfar urraim don cheart bunúsach go ndéanfaí daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus saorghluaiseacht sonraí pearsanta. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs aon bheart arna dhéanamh chun éifeacht a thabhairt don Mholadh seo a bheith i gcomhréir iomlán leis na rialacha maidir le cosaint sonraí, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 <sup>(14)</sup> agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(15)</sup>, agus ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta inniúla faireachán a dhéanamh orthu.
- (40) Urramaítear leis an Moladh seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail arna n-aithint i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, féachann an Moladh seo lena áirithiú go dtabharfar urraim iomlán d'Airteagail 8, 11, 16, 17 agus 47 den Chairt.
- (41) De bharr na comhlántachta idir an Moladh seo agus Rialachán (AE) 2022/2065, ba cheart measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí an Mholta maidir le hatarchur neamhúdaráithe ar imeachtaí spóirt beo agus imeachtaí beo eile, agus aird chúí á tabhairt ar thorthaí Fhaireachlann EUIPO, i gcomhar le héifeachtaí an Rialacháin sin, is é sin, tráth nach déanaí ná an 17 Samhain 2025.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

## CUSPÓIR

- (1) Leis an Moladh seo, moltar do na Ballstáit, na húdaráis náisiúnta, na sealbhóirí ceart agus na soláthraithe seirbhísi idirghabhálacha chun bearta iomchuí éifeachtacha comhréireacha a dhéanamh chun atarchur neamhúdaráithe ar imeachtaí spóirt beo agus imeachtaí beo eile a chomhrac i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Mholadh seo agus i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (2) Meabhraítear sa Mholadh seo oibleagáidí na mBallstát, na sealbhóirí ceart, na soláthraithe seirbhísi idirghabhálacha agus fhaighteoirí a seirbhísi i gcomhréir le forálacha ceangailteacha dhlí an Aontais, go háirithe Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(16)</sup>, Treoir 2001/29/CE, Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(17)</sup>, Rialachán (AE) 2022/2065, Treoir (AE) 2019/790 agus Treoir 2004/48/CE. Níl feidhm ag

<sup>(14)</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

<sup>(15)</sup> Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó chun ionchúiseamh a dhéanamh ina leith nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

<sup>(16)</sup> Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísi na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach ('An Treoir maidir le tráchtáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

<sup>(17)</sup> Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonáil (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

an Moladh maidir le haon úsáid dhlisteanach ábhair, amhail ábhar atá faoi chosaint cóipchirt a úsáid faoi theorainneacha agus eisceachtaí agus úsáid sleachta gearra i gcomhréir le hAirteagal 15 de Threoir 2010/13/AE.

## SAINMHÍNITHE

- (3) Chun críocha an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
- (a) ciallaíonn ‘eagraí imeachta spóirt’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as imeacht spóirt a bhfuil rochtain ag an bpobal air a eagrú;
  - (b) ciallaíonn ‘tarchur beo imeachta’ tarchur imeachta san fhíor-am, ar aon mhodh, lena n-áirítear modh sreinge nó modh gan sreang, chuig pobal nach bhfuil i láthair san áit ina dtarlaíonn an imeacht san fhíor-am;
  - (c) ciallaíonn ‘tarchur beo imeachta spóirt’ tarchur imeachta spóirt san fhíor-am, ar aon mhodh, lena n-áirítear modh sreinge nó modh gan sreang, chuig pobal nach bhfuil i láthair san áit ina dtarlaíonn an imeacht san fhíor-am;
  - (d) ciallaíonn ‘sealbhóir ceart maidir le tarchur beo imeachtaí spóirt’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cearta aige maidir le tarchur beo imeachta spóirt, beag beann ar na cearta sin a bheith ina gcearta maoiné intleachtúla, agus é i dteideal na cearta sin a fhorfheidhmiú;
  - (e) ciallaíonn ‘sealbhóir ceart maidir le tarchur beo imeachta’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil cóipcheart nó cearta gaolmhara maidir le tarchur beo saothar agus ábhair eile;
  - (f) ciallaíonn ‘atarchur neamhúdaráithe’ tarchur comhuaineach nó atarchur comhuaineach, a bhfuil sé i gceist gurb é an pobal a ghlacfaidh é, ar tharchur beo tosaigh imeachta nó ar tharchur beo imeachta spóirt, gan é a bheith údaráithe ag sealbhóir na gceart.

## ATARCHUR NEAMHÚDARAITHE BEO AR IMEACHTAÍ SPÓIRT

### A áirithiú go gcaitear go pras le fógraí a bhaineann le hatarchur neamhúdaráithe ar imeachtaí spóirt beo

*Déileáil go pras le fógraí*

- (4) Agus na fógraí a bhaineann le hatarchur neamhúdaráithe ar imeachtaí spóirt beo á bpróiseáil, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála nádúr sonratharchuir bheo ar imeacht spóirt a chur san áireamh chun féachaint leis an dochar a dhéantar le linn atarchur neamhúdaráithe ar an imeacht sin a íoslaghdú.
- (5) Chun a áirithiú go bpróiseálfar an fógra agus go ndéanfar cinneadh le linn tarchur beo imeachta spóirt, moltar do sholáthraithe seirbhísí óstála, seachas ardáin ar líne, comhoibriú le sealbhóirí ceart maidir le tarchur beo imeachtaí spóirt, go háirithe tríd an méid seo a leanas:
- (a) dul i mbun teagmháil éifeachtach le comharthóirí iontaofa chun críocha an Mholta seo;
  - (b) réitigh theicniúla a fhorbairt agus a úsáid atá dírithe ar phróiseáil fógraí a éascú, amhail comhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár.

*Comhar idir sealbhóirí ceart agus soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha*

- (6) D’fhonn tarchur beo imeachtaí spóirt a chosaint, ba cheart na sealbhóirí ceart maidir le tarchur beo imeachtaí spóirt a spreagadh chun leas a bhaint as na réitigh theicniúla is fearr dá bhfuil ar fáil chun sainnithint fhoinsé an atarchuir neamhúdaráithe a éascú.

- (7) Moltar do na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, go háirithe dóibh siúd atá in ann atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo a shainathint agus a aimsiú, an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) comhoibriú le chéile, lena n-áirítear comhoibriú le soláthraithe seirbhísí óstála agus le sealbhóirí ceart maidir le tarchur beo imeachtaí spóirt, chun sainathint fhoinsé an atarchuir neamhúdaraithe a éascú agus;
  - (b) bearta sonracha a chur i bhfeidhm in aghaidh mí-úsáid a seirbhísí arís agus arís eile.

#### **Urghairí lena dtugtar aghaidh ar atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo**

- (8) Moltar do na Ballstáit a mheas an bhfuil eagraithe imeachtaí spóirt ina ndlínse i dteideal caingean dlí a thionscnamh chun atarchur neamhúdaraithe ar imeacht spóirt beo a chosc nó a thoirmeasc. I gcás nach amhlaidh atá, moltar do na Ballstáit seasamh dlíthiúil a thabhairt d'eagraithe imeachtaí spóirt maidir le hurghaire a lorg chun atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo atá ar tí tarlú a chosc nó chun cosc a chur ar leanúint leis an atarchur neamhúdaraithe.

#### *Seolaithe na n-urghairí*

- (9) Moltar do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le hurghairí in aghaidh oibreoirí atarchuir neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo, agus in aghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a mbaineann tríd páirtí mí-úsáid as a seirbhísí le haghaidh atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo, gan beann ar easpa dliteanais an idirghabhálaí, chun atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo den sórt sin a fhoirceannadh nó a chosc. D'fhéadfadh urghaire den sórt sin rochtain ar atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo a bhlocáil.
- (10) Moltar do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht na hurghairí sin a chur i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha a dhíríonn a ngníomhaíochtaí ar fhaighteoirí na seirbhísí sna Ballstáit.
- (11) Sealbhóirí ceart maidir le tarchur beo imeachtaí spóirt, moltar do na Ballstáit iad a chumasú iarratas a dhéanamh ar urghaire roimh thús an imeachta spóirt, lena n-áirítear trí fhianaise a chur isteach os comhair an údaráis inniúil ina léirítear gur thug an t-oibreoir i dtrácht rochtain cheana féin ar atarchur neamhúdaraithe i gcás imeachtaí spóirt atá comhchosúil leis na cinn a bhfuil na cearta acu féin ina leith.

#### *Nádúr dinimiciúil na n-urghairí*

- (12) Moltar do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht urghairí a iarraidh lena bhforchur ar sholáthraí seirbhíse idirghabhála ar leith, urghairí ar féidir iad a shíneadh le go bhféadfaí blocáil a dhéanamh ar sheirbhísí bradacha a dhéanann atarchur neamhúdaraithe ar imeacht spóirt beo fiú mura ndearnadh na seirbhísí sin a shainathint tráth an iarratais ar urghaire, ach i gcás ina mbaineann siad leis an imeacht spóirt céanna, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta náisiúnta.
- (13) Chun na seirbhísí bradacha sin a shainathint ar bhealach iomchuí tar éis urghaire a eisiúint, ba cheart do na Ballstáit modheolaíocht cás ar chás a spreagadh chun nuashonrú a dhéanamh ar liosta na suíomhanna idirlín a chumhdaítear leis an urghaire (arna sainathint trí DNS, seoladh IP nó URL, cuir i gcás), modheolaíocht lena n-áireofaí comhar idir na sealbhóirí ceart agus seolaithe na hurghaire, faoi réir rialú údaráis bhreithiúnaigh. Féadfaidh na Ballstáit a mheas ar cheart d'údarás náisiúnta neamhspleách liosta na suíomhanna idirlín a chumhdaítear le hurghaire a dheimhniú.
- (14) I gcás ina dtugann na Ballstáit cumhacht d'údarás riaracháin neamhspleách urghairí a eisiúint nó liosta na suíomhanna idirlín a chumhdaítear leis an urghaire a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart cinntí den sórt sin a bheith faoi réir an chirt achomharc a dhéanamh os comhair na gcúirteanna.

#### *Coimircí*

- (15) Agus rialacha maidir le hurghairí a bhaineann le hatarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo á dtabhairt isteach nó á gcur i bhfeidhm, moltar do na Ballstáit a chur san áireamh nár cheart na bearta a leagtar amach san urghaire a bheith ina n-ualach míréasúnta ar na seolaithe. Ba cheart spriocdhírú orthu go docht agus níor cheart an fhéidearthacht rochtain dhleathach a fháil ar an bhfaisnéis atá ar fáil a bhaint d'úsáideoirí gan ghá.

- (16) I gcás ina mbeidh an urghaire i bhfoirm birt blocála, ba cheart aire a thabhairt chun a áirithiú go ndíreofar leis ar sheirbhísí bradacha arna sainaitheint ag suíomhanna idirlín atá dírithe go príomha ar rochtain a sholáthar ar atarchur neamhúdaraithe nó ar chineálacha eile ábhair neamhúdaraithe.
- (17) Ba cheart na bearta teicniúla a chuirtear i bhfeidhm chun urghairí den sórt sin a chur chun feidhme a bheith leordhóthanach chun rochtain ar atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo a chosc nó, ar a laghad, deacracht a chur leis an rochtain sin, agus úsáideoirí deiridh a dhíspreagadh go mór ó rochtain a fháil ar an atarchur neamhúdaraithe sin.
- (18) Moltar do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh sealbhóirí ceart maidir le tarchur beo imeachtaí spóirt an fhaisnéis ar na suíomhanna idirlín nach n-úsáidtear a thuilleadh le haghaidh atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt a thabhairt cothrom le dáta go rialta, ionas go bhféadfar deireadh a chur leis na srianta ar na suíomhanna idirlín sin.
- (19) Moltar do na Ballstáit a fhoráil nach rachadh ré na hurghaire thar a bhfuil riachtanach chun cosaint éifeachtach na sealbhóirí ceart a áirithiú maidir le tarchur beo imeachtaí spóirt. Moltar do na Ballstáit a fhoráil nach mbeidh éifeacht ag na bearta blocála a chuirfeadh i bhfeidhm sa chomhthéacs sin ach amháin nuair a tharlóidh tarchur beo an imeachta spóirt.

#### *Comhar deonach*

- (20) Ba cheart na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a spreagadh chun breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh dheonacha iomchúí agus chomhréireacha chun cosc a chur ar mhí-úsáid a gcuid seirbhísí i gcás atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo.
- (21) Ba cheart na gníomhaithe margaidh eile ar nós seirbhísí fógraíochta agus íocaíochta a spreagadh chun a áirithiú nach n-éascaíonn a gcuid seirbhísí cur chun cinn agus feidhmiú oibreoirí a thugann rochtain ar atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo.

### **ATARCHUR NEAMHÚDARAITHE AR IMEACHTAÍ BEO EILE**

#### **Déileáil go pras le fógraí a bhaineann le hatarchur neamhúdaraithe beo imeachtaí eile a áirithiú**

##### *Déileáil go pras le fógraí*

- (22) Agus na fógraí a bhaineann le hatarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo á bpróiseáil, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála nádúr sonracha tarchuir bheo a chur san áireamh chun féachaint leis an dochar a dhéantar le linn atarchur neamhúdaraithe ar an imeacht sin a íoslaghdú.
- (23) Chun a áirithiú go bpróiseálfar an fógra agus go ndéanfar cinneadh le linn tarchur beo imeachta spóirt, moltar do sholáthraithe seirbhísí óstála, seachas d'ardáin ar líne, comhoibriú le sealbhóirí ceart, go háirithe tríd an méid seo a leanas:
- teagmháil éifeachtach a dhéanamh le comharthóirí iontaofa chun críocha an Mholta seo;
  - réitigh theicniúla a fhorbairt agus a úsáid atá dírithe ar phróiseáil fógraí a éascú, amhail comhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár.

##### *Comhar idir sealbhóirí ceart agus soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha*

- (24) D'fhonn tarchur beo imeachta a chosaint, ba cheart na sealbhóirí ceart maidir le tarchur beo imeachta a spreagadh chun leas a bhaint as na réitigh theicniúla is fearr dá bhfuil ar fáil chun sainaitheint fhoinse an atarchuir neamhúdaraithe a éascú.
- (25) Moltar do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha, go háirithe iadsan atá in ann atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí beo a shainaitheint agus a aimsiú, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
- comhoibriú, lena n-áirítear comhoibriú le sealbhóirí ceart chun sainaitheint fhoinse an atarchuir neamhúdaraithe ar imeachtaí beo a éascú;
  - bearta sonracha a chur i bhfeidhm in aghaidh mí-úsáid a seirbhísí arís agus arís eile.



**Urghairí lena dtugtar aghaidh ar atarchur neamhúdaraíthe beo imeachtaí eile***Nádúr dinimiciúil urghairí*

- (26) Moltar do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht urghairí a iarraidh lena bhforchur ar sholáthraí seirbhíse idirghabhála ar leith, urghairí ar féidir iad a shíneadh le go bhféadfaí blocáil a dhéanamh ar sheirbhísí bradacha a dhéanann atarchur neamhúdaraíthe, fiú mura ndearnadh na seirbhísí sin a shainaitheint tráth an iarratais ar urghaire, ach i gcás ina mbaineann siad leis an imeacht spóirt céanna, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta náisiúnta agus i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt, go háirithe, an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint.
- (27) D'fhonn na seirbhísí bradacha sin a shainaitheint ar bhealach iomchuí tar éis urghaire a eisiúint, ba cheart do na Ballstáit modheolaíocht cás ar chás a spreagadh chun nuashonrú a dhéanamh ar liosta na suíomhanna idirlín a chumhdaítear leis an urghaire (arna sainaitheint trí ainm fearainn, seoladh IP nó URL, cuir i gcás), modheolaíocht lena n-áireofaí comhar idir na sealbhóirí ceart agus seolaithe na hurghaire, faoi réir rialú údaráis bhreithiúnaigh.
- (28) I gcás ina dtugann na Ballstáit cumhacht d'údarás riaracháin neamhspleách urghairí a eisiúint nó liosta na suíomhanna idirlín a chumhdaítear leis an urghaire a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart cinntí den sórt sin a bheith faoi réir an chirt achomharc a dhéanamh os comhair na gcúirteanna.

*Coimircí*

- (29) Agus rialacha maidir le hurghairí a bhaineann le hatarachur neamhúdaraíthe ar imeachtaí beo á dtabhairt isteach nó á gcur i bhfeidhm, moltar do na Ballstáit a chur san áireamh nár cheart na bearta a leagtar amach san urghaire a bheith ina n-ualach míréasúnta ar na seolaithe. Ba cheart spriocdhírú orthu go docht agus níor cheart an fhéidearthacht rochtain dhleathach a fháil ar an bhfaisnéis atá ar fáil a bhaint d'úsáideoirí gan ghá.
- (30) Moltar do na Ballstáit áirithiú go ndéanfaidh na sealbhóirí ceart maidir le tarchur beo imeachta an fhaisnéis i dtaobh na suíomhanna idirlín nach n-úsáidtear a thuilleadh le haghaidh atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí beo a thabhairt cothrom le dáta go rialta, ionas go bhféadfar na srianta ar na suíomhanna idirlín sin a bhaint.

*Comhar deonach*

- (31) Ba cheart na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a spreagadh chun breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh dheonacha iomchuí agus chomhréireacha chun cosc a chur ar mhí-úsáid a gcuid seirbhísí i gcás atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí beo.
- (32) Ba cheart na gníomhaithe margaidh eile ar nós seirbhísí fógraíochta agus íocaíochta a spreagadh chun a áirithiú nach n-éascóidh a gcuid seirbhísí cur chun cinn agus feidhmiú oibreoirí a thugann rochtain ar atarchur neamhúdaraíthe ar imeacht beo.

**FEASACHT A MHÚSCAILT AGUS COMHAR DEONACH IDIR ÚDARÁIS PHOIBLÍ***Tairiscintí tráchtála agus feasacht*

- (33) Ba cheart na sealbhóirí ceart maidir le tarchur beo imeachtaí spóirt agus imeachtaí eile a spreagadh chun infhaighteacht, inacmhainneacht agus tarraingeacht a dtairiscintí tráchtála d'úsáideoirí deiridh ar fud an Aontais a mhéadú.
- (34) Moltar do na Ballstáit feasacht na n-úsáideoirí a mhúscailt maidir le tairiscintí dlíthiúla imeachtaí spóirt beo agus imeachtaí eile. Iarrtar ar na Ballstáit freisin úsáideoirí a dhéanann iarracht rochtain a fháil ar sheirbhísí a thairgeann atarchur neamhúdaraíthe ar imeachtaí spóirt beo agus imeachtaí beo eile, a ndearnadh blocáil orthu de bhun urghaire, a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis an mblocáil agus faisnéis a chur ar fáil dóibh faoi na tairiscintí dlíthiúla atá ar fáil chun féachaint ar imeachtaí den sórt sin.

(35) Moltar do na Ballstáit feasacht a mhúscailt maidir leis na saincheisteanna a chumhdaítear leis an Moladh seo le húdaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí agus acmhainneacht a fhorbairt chun imscrúdú a éascú agus gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh in aghaidh oibreoirí a dhéanann atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo agus imeachtaí beo eile ar scála tráchtála, lena n-áirítear gníomhaíocht trí rannpháirtíocht in oibríochtaí trasteorann forfheidhmithe dlí atá ann cheana.

#### *Comhar idir údaráis phoiblí*

(36) Moltar do na Ballstáit faisnéis a mhalartú go réamhghníomhach maidir le rochtain ar na seirbhísí a ndearnadh rochtain orthu a bhlocáil ar a gcéir ar bhonn urghaire arna deonú ag údarás náisiúnta.

(37) Iarrann an Coimisiún ar Fhaireachlann EUIPO líonra tiomnaithe d'údaráis riaracháin a bhunú chun faisnéis a mhalartú go rialta maidir leis na bearta arna gcur i bhfeidhm agus na dúshlán agus na dea-chleachtais i ndáil le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear sa Mholadh seo. Moltar freisin do Bhallstáit nach bhfuil sainúdaráis riaracháin acu, lena n-áirítear iadsan a d'fhorbair tionscnaimh ábhartha eile i ndáil le píoráideacht, páirt a ghlacadh sna malartuithe sin. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an líonra, go háirithe, measúnú a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh tuilleadh comhair trasteorann.

(38) Moltar d'Fhaireachlann EUIPO gníomhaíochtaí tógála eolais a chur ar fáil do bhreithiúna agus d'údaráis náisiúnta maidir leis na rialacha agus na cleachtais atá ann cheana maidir le cearta a fhorfheidhmiú in aghaidh atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo agus imeachtaí beo eile.

#### **OBAIR LEANTACH AGUS FAIREACHÁN**

(39) Iarrann an Coimisiún ar Fhaireachlann EUIPO tacú leis tacar táscairí a shainiú, i gcomhar leis na geallsealbhóirí, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtaí an Mholta seo.

(40) Moltar do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí gach faisnéis ábhartha maidir le bearta agus gníomhaíochtaí den sórt sin a chur faoi bhráid Fhaireachlann EUIPO agus an Choimisiúin. Ina theannta sin, iarrtar ar na Ballstáit agus ar pháirtithe leasmhara an fhaisnéis agus na sonraí atá ar fáil a chur isteach maidir le líon na n-atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo agus imeachtaí beo eile. Moltar freisin do gheallsealbhóirí sonraí a chur isteach maidir le hinfhaighteacht agus infhionntacht tairiscintí dlíthiúla i dtaobh an ábhair a chumhdaítear leis an Moladh seo.

(41) Ar an mbonn sin agus ar bhonn foinsí ábhartha eile, iarrann an Coimisiún ar Fhaireachlann EUIPO tacú leis faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí an Mholta seo maidir le píoráideacht ar líne ar spóirt agus imeachtaí beo eile.

(42) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtaí an Mholta seo maidir le hatarchur neamhúdaraithe ar imeachta spóirt beo agus imeachtaí beo eile, agus aird chuí á tabhairt ar thorthaí Fhaireachlann EUIPO, tráth nach déanaí ná an 17 Samhain 2025. Ar an mbonn sin, déanfaidh an Coimisiún a mheas an bhfuil gá le bearta breise ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear chun cosc a chur ar scaipeadh neamhdhleathach cineálacha eile ábhair atá faoi chosaint cóipchirt, agus forbairtí teicneolaíoch, éabhlóid na mbealaí dáileacháin agus na bpatrún tomhaltas á gcur san áireamh, agus aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur chun feidhme Rialachán (AE) 2022/2065 ar atarchur neamhúdaraithe ar imeachtaí spóirt beo agus imeachtaí beo eile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

Thierry BRETON

*Comhalta den Choimisiún*

# GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH Uimh. 4/2023 ÓN gCOISTE TRÁDÁLA

an 26 Aibreán 2023

maidir lena Rialacha Nós Imeachta [2023/1019]

TÁ AN COISTE TRÁDÁLA,

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingepór ('an Comhaontú'), agus go háirithe Airteagal 16.1, mír 4(f) de,

De bhrí, de bhun Airteagal 16.1, mír 4(f) den Chomhaontú, go bhféadfaidh an Coiste Trádála a Rialacha Nós Imeachta féin a ghlacadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

- Bunaítear Rialacha Nós Imeachta an Choiste Trádála mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.
- Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh an 26 Aibreán 2023,

*Thar cheann an Choiste Trádála*  
*Na Comhchathaoirligh*

*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin agus Coimisinéir um*  
*Thrádáil an Choimisiúin Eorpaigh*  
Valdis DOMBROVSKIS

*An tAire atá i gceannas ar Chaidreamh Trádála Shingepór*  
S ISWARAN

## IARSCRÍBHINN

## RIALACHA NÓS IMEACHTA AN CHOISTE TRÁDÁLA ARNA BHUNÚ LE hAIRTEAGAL 16.1 DEN CHOMHAONTÚ SAORTHRÁDÁLA IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT SHINGEAPÓR, DEN PHÁIRT EILE

## RIAIL 1

**Ról agus Ainm an Choiste Trádála**

1. Tá an Coiste Trádála arna bhunú de bhun Airteagal 16.1 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingepór, ('an Comhaontú') freagrach as gach ábhar dá dtagraítear in Airteagal 16.1 den Chomhaontú.
2. Is é an Coiste Trádála a thabharfar ar an gCoiste dá dtagraítear i mír 1 i ndoiciméid an Choiste, lena n-áirítear cinní agus moltaí.

## RIAIL 2

**Comhdhéanamh agus Comhchathaoirligh**

1. De bhun Airteagal 16.1 den Chomhaontú, beidh ionadaithe ón Aontas Eorpach agus ó Phoblacht Shingepór ar an gCoiste Trádála agus déanfaidh an Comhalta den Choimisiún Eorpach atá freagrach as Trádáil agus an tAire um Thrádáil agus Tionsclaíocht Shingepór comhchathaoirleacht ar an gCoiste, sin nó déanfaidh ionadaithe na beirte sin comhchathaoirleacht.
2. Déanfaidh gach Páirtí fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an oifigigh tharmligthe ar a bhfuil sé de chúram comhchathaoirleacht a dhéanamh ar an gCoiste Trádála thar ceann an Pháirtí sin. Measfar go bhfuil sé d'údarás ag an oifigeach tharmligthe sin ionadaíocht a dhéanamh ar an bPáirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile gur cheap sé Comhchathaoirleach nua.

## RIAIL 3

**Rúnaíocht**

1. Oifigigh ón roinn atá freagrach as Trádáil de chuid gach Páirtí, is iadsan a bheidh ina Rúnaíocht ar an gCoiste Trádála.
2. Tabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile faoi ainm, post, agus sonraí teagmhála an oifigigh atá ina chomhalta de Rúnaíocht an Choiste Trádála thar ceann an Pháirtí sin. Measfar an t-oifigeach a bheith fós ina chomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile gur cheap sé comhalta nua.

## RIAIL 4

**Cruinnithe**

1. I gcomhréir le hAirteagal 16.1 den Chomhaontú, tiocfaidh an Coiste Trádála le chéile gach dhá bhliain nó gan moill mhíchúí arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí.
2. Tionólfar na cruinnithe ar an dáta a shocraítear agus ag an am a shocraítear ar bhonn idirmhalartach sa Bhruiséil agus i Singepór, mura gcomhaontóidh na Comhchathaoirligh a mhalairt.
3. Comhchathaoirleach an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú, is eisean a dhéanfaidh an cruinniú a thionól.
4. Féadfar cruinniú a reáchtáil i láthair a chéile, nó trí fhíschomhdháil, nó ar aon bhealach eile.

## RIAIL 5

**Toscaireachtaí**

Cuirfidh gach comhalta de Rúnaíocht an Choiste Trádála de chuid gach Páirtí an comhalta eile ar an eolas, roimh gach cruinniú, faoi chomhdhéanamh beartaithe thoscaireachtaí a pháirtí faoi seach. Sna liostaí sin sonrúfár ainm agus feidhm gach comhalta den toiscaireacht.

## RIAIL 6

**An clár oibre do na cruinnithe**

1. Dréachtóidh Rúnaíocht an Choiste Trádála clár oibre sealadach do gach cruinniú, 15 lá roimh an gcruinniú ar a laghad, ar bhonn togra ón bPáirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúlacha a thabhairt.
2. Glacfaidh an Coiste Trádála an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Ítimí nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach, féadfar iad a chur ar an gclár oibre trí chomhaontú frithpháirteach.

## RIAIL 7

**Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe**

Féadfaidh Comhchathaoirligh an Choiste Trádála, trí chomhaontú frithpháirteach, cuireadh a thabhairt do shaineolaithe neamhspleácha freastal ar chruinnithe den Choiste Trádála chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair shonracha agus ní bheidís i láthair ach amháin do na codanna den chruinniú a bhaineann leis na hábhair shonracha sin.

## RIAIL 8

**Miontuairiscí**

1. Maidir le dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, is é comhalta de Rúnaíocht an Pháirtí atá ag óstáil an chruinnithe a dhéanfaidh iad sin a tharraingt suas, laistigh de 21 lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinntí na Comhchathaoirligh a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig an gcomhalta den Rúnaíocht ón bPáirtí eile ar mhaithe le barúlacha a fháil.
2. I gcás ina mbeidh feidhm ag na rialacha nós imeachta seo maidir le cruinnithe na gcoistí speisialaithe, cuirfear miontuairiscí chruinnithe na gcoistí speisialaithe ar fáil le haghaidh gach cruinnithe eile de chuid an Choiste Trádála dá éis sin.
3. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, mar riail ghinearálta, ar gach ítim atá ar an gclár oibre, agus sonrúfár an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:
  - (a) na doiciméid ar fad a chuirtear faoi bhráid an Choiste Trádála;
  - (b) aon ráiteas a d'iarr duine de Chomhchathaoirligh an Choiste Trádála a chur sna miontuairiscí; agus
  - (c) na cinní a rinneadh, na moltaí a rinneadh, na ráitis a comhaontaíodh agus na conclúidí a glacadh i leith ítimí sonracha.
4. Áireofar sna miontuairiscí liosta ar a mbeidh cinní uile an Choiste Trádála, a rinneadh trí nós imeachta i scríbhinn de bhun Riail 9.2, ón uair dheireanach a bhí cruinniú ag an gCoiste.
5. Beidh iarscríbhinn ag gabháil leis na miontuairiscí freisin ina mbeidh liosta ainmneacha agus teidil na ndaoine ar fad a bhí i láthair ag cruinniú an Choiste Trádála, mar aon le cáil na ndaoine sin.
6. Déanfaidh an Rúnaíocht na dréacht-mhiontuairiscí a choigeartú ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas agus déanfaidh na Páirtithe na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhorhmeas laistigh de 30 lá ó dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta arna shocrú ag na Comhchathaoirligh. Nuair a bheidh siad formheasta, ullmhóidh an Rúnaíocht dhá leagan bunaidh de na miontuairiscí agus gheobhaidh na Páirtithe araon leagan bunaidh amháin de na miontuairiscí.

## RIAIL 9

**Cinntí agus moltaí**

1. Féadfaidh an Coiste Trádála cinntí agus moltaí a ghlacadh i gcás gach ábhair, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Chomhaontú. Is trí chomhaontú frithpháirteach a ghlacfaidh an Coiste Trádála cinntí agus moltaí, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 16.4 den Chomhaontú.
2. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh an Coiste Trádála cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn.
3. Chuige sin, déanfaidh Comhchathaoirleach téacs dréachtchinnidh nó dréachtmholta a thíolacadh i scríbhinn don Chomhchathaoirleach eile i dteanga oibre an Choiste Trádála. Beidh mí amháin, nó tréimhse níos faide a shonróidh an Páirtí atá á chur chun cinn, ag an bPáirtí eile lena chur in iúl go nglacann sé leis an dréachtchinneadh nó an dréachtmholadh. Measfar na dréachtchinnidh nó dréachtmholtaí a bheith glactha a thúisce a chuirfidh an Páirtí eile in iúl go nglacann sé leo laistigh de thréimhse ama a shonróidh an Páirtí a dhéanann an moladh agus déanfar sin a thairfeadh i miontuairiscí chruinniú an Choiste Trádála de bhun Riail 8(4). Mura gcuirfidh an Páirtí eile in iúl go nglacann sé leis, pléifear an cinneadh nó an moladh atáthar a chur chun cinn, agus féadfar é a ghlacadh, ag an gcéad chruinniú eile den Choiste Trádála.
4. I gcás ina dtugtar de chumhacht don Choiste Trádála faoin gComhaontú cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar 'Cinneadh' nó 'Moladh' ar na gníomhartha sin faoi seach. Cuirfidh Rúnaíocht an Choiste Trádála sraithuimhir chéimnitheach, dáta glactha agus tuairisc ar a ábhar le haon chinneadh nó moladh. Déanfar foráil i ngach cinneadh nó moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm nó dáta feidhme, de réir mar is iomchuí.
5. Déanfar na cinntí nó moltaí arna nglacadh ag an gCoiste Trádála i ndúblach, fíordheimhneofaídh na Comhchathaoirigh iad agus déanfar sin a tharchur chuig gach Páirtí.

## RIAIL 10

**Trédhearcacht**

1. Mura sonraítear a mhalairt leis an gComhaontú nó mura gcinneann na Páirtithe a mhalairt, ní bheidh cruinnithe an Choiste Trádála ar oscailt don phobal.
2. Féadfaidh gach Páirtí cinneadh a dhéanamh cinntí agus moltaí an Choiste Trádála a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin nó ar líne.
3. I gcás ina gcuirfidh Páirtí faisnéis a meastar ina leith go bhfuil sí faoi rún faoidhlíthe agus rialacháin an Pháirtí sin faoi bhráid an Choiste Trádála, déileálfadh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda, mura gcomhaontóidh an Páirtí a dhéanfaidh an tíolacadh a mhalairt.
4. Féadfaidh gach Páirtí an clár oibre a tugadh chun críche idir na Páirtithe roimh chruinniú an Choiste Trádála agus na miontuairiscí comhpháirteacha formheasta arna dtarraingt suas i gcomhréir le Riail 8 a phoibliú in aon mheán iomchuí.
5. Foilseofar na doiciméid a luaitear faoi mhíreanna 2 go 4 i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid gach Páirtí.

## RIAIL 11

**Teangacha**

1. Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ag an gCoiste Trádála.
2. Glacfaidh an Coiste Trádála cinntí a bhaineann le leasú nó léiriú an Chomhaontaithe. Tá feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 16.21 den Chomhaontú maidir le cinntí ón gCoiste Trádála lena leasaítear nó lena léirítear an Comhaontú. Gach cinneadh ón gCoiste Trádála, lena n-áirítear an cinneadh lena nglacfar na rialacha nós imeachta seo, is sa teanga oibre dá dtagraítear i mír 1 a dhéanfar é a ghlacadh.

3. Beidh gach Páirtí freagrach as cinntí agus doiciméid eile a aistriú go dtí a theanga oifigiúil féin nó a theangacha oifigiúla féin, má cheanglaítear amhlaidh de bhun na Rialach seo, agus íocfaidh sé as na caiteachas a bhaineann leis an aistriúchán sin.

#### RIAIL 12

##### Speansas

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon chaiteachas a thabhoídh sé de thoradh a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Choiste Trádála, maidir le caiteachas foirne, taistil agus cothaithe go háirithe, agus maidir le caiteachas fíis-chomhdhálacha, teileachomhdhálacha, poist agus teileachumarsáide.
2. Is é an Páirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú a sheasfaidh an caiteachas i ndáil le cruinnithe a eagrú agus doiciméid a atáirgeadh.

#### RIAIL 13

##### Coistí Speisialaithe agus comhlachtaí eile

1. Féadfar Coistí Speisialaithe a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 16.1 den Chomhaontú chun déileáil le gach ábhar a tharmhligfidh an Coiste Trádála dóibh.
2. De bhun Airteagal 16.1 agus 16.2 den Chomhaontú, déanfaidh an Coiste Trádála maoirseacht ar obair na gcoistí speisialaithe agus na gcomhlachtaí eile uile arna mbunú faoin gComhaontú.
3. Cuirfear an Coiste Trádála ar an eolas i scríbhinn faoi na pointí teagmhála a d'ainmnigh Coistí Speisialaithe nó comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú. Cuirfear gach comhfhreagras, doiciméad agus cumarsáid ábhartha idir pointí teagmhála gach Coiste Speisialaithe a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe ar aghaidh an tráth céanna chuig Rúnaíocht an Choiste Trádála.
4. De bhun Airteagal 16.2 den Chomhaontú, tabharfaidh na Coistí Speisialaithe tuarascáil don Choiste Trádála ar thorthaí agus ar chonclúidí gach ceann dá gcuid cruinnithe.
5. Mura gcinnfidh gach Coiste Speisialaithe a mhalairt, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na Rialacha Nós Imeachta seo maidir leis na coistí speisialaithe agus comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú.

#### RIAIL 14

##### Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú i scríbhinn le cinneadh ón gCoiste Trádála i gcomhréir le Riail 9.

---





ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)